Cad iad na Roghanna Pinsin atá agam?

Na cineálacha pleananna pinsin ar féidir leat úsáid a bhaint astu i gcomhair do scoir

An Bord Pinsean -
The Pensions Board

Authority for Pensions
www.pensionsboard.ie

An Bord Pinsean -
The Pensions Board

Authority for Pensions

Teach Verschoyle
28/30 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
Teil 01 613 1900
Facs 01 631 8602
Ríomhphost info@pensionsboard.ie
www.pensionsboard.ie

Tá an Bord Pinsean tar éis an leabhrán seo a ullmhú chun tairbhe na ndaoine atá ag machnamh faoina roghanna pinsin. Cé go ndearnamar gach iarracht a chinntiú go bhfuil sé ceart, ní ghlacann an Bord Pinsean, a sheirbhísigh ná a ghníomhairí le haon dliteanas as aon earráid ná easnamh san eolas a fhaightear sa leabhrán seo ámh, ná as aon chaillteanas a bhaineann d'aon duine atá ag gníomhú nó nach bhfuil ag gníomhú mar thoradh ar aon ráiteas sa leabhrán seo.

© Cóipcheart An Bord Pinsean, [2007]. Gach ceart ar cosnamh.

Clár Ábhar

1. Cad iad na Roghanna Pinsin atá agam? – Achoimre **3**

2. Cén Fáth an dTeastaíonn Pinsean Uaim? **5**

3. Pinsin Scoir an Stáit **6**
- Sochair stáit eile 7

4. An Rogha Cheart a Thoghadh **8**

5. Pleananna Pinsin Chuideachta **9**
- Cineálacha pleananna cuideachta 9
- Ballraíocht a ghlacadh le plean cuideachta 10
- Ranníocaíochtaí 11
- Ranníocaíochtaí Saorálacha Breise "AVC" 11
- Faoiseamh cánach 11
- Infheistiú na ranníocaíochtaí 12
- Cén uair agus cén chaoi an féidir le ball sochair a fháil? 12
- Teorainneacha Uasta Sochair 16

6. Conarthaí Blianachta Scoir **17**
- Cé ar féidir leo RAC a dhéanamh? 17
- Ranníocaíochtaí 18
- Faoiseamh cánach 18
- Infheistiú na ranníocaíochtaí 20
- Roghanna sochair 20

7. Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (PRSA) **23**
- Cé ar féidir leo PRSA a thosú? 23
- Ranníocaíochtaí 24
- Faoiseamh cánach 24
- Infheistiú ranníocaíochtaí 26
- Roghanna sochair 26

8. Dreasacht Pinsean an Chuntais Speisialta Dreasachta Coigiltis (SSIA) **29**

9. An Leor an Sochar atá agam? **31**
- Pleananna sochair shainithe 32
- Pleananna ranníocaíochta sainithe 32
- Áireamhán Pinsean Ar Líne 32
- Tionchar na n-aistrithe idir pleananna pinsin 35

10. Pleanáil Scoir **36**

11. An Bord Pinsean **38**

12. Tuilleadh Eolais

Aguisín A

Cén Chaoi a Roghnóidh Mé an Pinsean is Fearr Domsa? 43

Aguisín B

Gluais – i gcomhair sainmhínithe na dtéarmaí a thaispeántar sa chló iodálach 44

Aguisín C

- Dá mbeadh gearán agam i dtaobh mo Phinsin? 48
- Dá mbeadh gearán agam i dtaobh mo Phinsin Stáit? 48
- Dá mbeadh gearán agam i dtaobh mo Phlean Pinsin Chuideachta? 49
- Dá mbeadh gearán agam i leith mo Chonartha Bhlianachta Scoir? 50
- Dá mbeadh gearán agam i leith mo Chuntais Choigiltis Scoir Phearsanta? 51
- Dá mbeadh gearán agam i leith mo ARF/AMRF? 52

Aguisín D

Seoltaí úsáideacha 54

1. Cad iad na Roghanna Pinsin atá agam? – Achoimre

Is í aidhm an leabhráin seo mionsonraí na gcineálacha pleananna pinsin a leagan amach as a bhféadann daoine leas a bhaint i gcomhair scoir. Bíonn coigilteas scoir tábhachtach mar:

- Bíonn beatha níos faide ag daoine, agus saol níos gníomhaí acu agus iad ar scor
- Is é €10,051 in aghaidh na bliana Pinsean Stáit iomlán an duine shingil.

Is iad na trí rogha as a bhféadann tú leas a bhain chun coigilt i gcomhair an scoir, agus a chlúdaítear sa leabhrán seo:

1. **Pleananna pinsin chuideachta** – Is iad na fostóirí a bhunaíonn na pinsin seo, agus soláthraítear pinsean agus cnapshuim leo agus daoine ag dul ar scor. Bíonn na sochair sin bunaithe ar thuilleamh deiridh bhaill nó ar luach a gciste scoir féin. Is é an buntáiste a bhaineann leis na pleananna seo ná go gcuidíonn an fostóir chun íoc le costas an tsochair. Ba cheart duit seiceáil agus féachaint an bhfuil plean dá leithéid ag d'fhostóirse, agus an bhfuil tú incháilithe chun ballraíocht a ghlacadh leis.
2. **Pleananna pinsin phearsanta**, ar nós:

   A. **Conarthaí Blianachta Scoir (RAC)**, nó

   B. **Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (PRSA).**

Is iondúil go n-íoctar as Pleananna Pinsin Phearsanta agus PRSA le ranníocaíochtaí pearsanta, cé go bhféadann fostóirí ranníocaíochtaí a íoc leis na pleananna sin. Soláthraítear cnapshuim shaor ó cháin agus pinsean agus daoine ag dul ar scor leis na pleananna seo freisin.

Féadtar sochair um bás roimh an scor agus um bás le linn scoir a sholáthar le pleananna pinsin chuideachta agus pearsanta freisin – féach codanna 5, 6 agus 7 i gcomhair mionsonraí. Is iompartha

iad freisin na Sochair Phinsin, agus ní gá iad a "reo" de réir mar a bhíodh amhlaidh.

Tá ceadú cánach faighte go ginearálta ag na trí chineál pleananna ó na Coimisinéirí Ioncaim. Is iad buntáistí an cheadaithe:

- Gheobhaidh tú faoiseamh cánach ar do ranníocaíochtaí féin,
- ní bhíonn tú inchánach ar ranníocaíochtaí d'fhostóra, más ann dóibh (arb ionann sin agus pá saor ó cháin),
- rolltar d'infheistíochtaí suas saor ó cháin, agus
- bíonn an chnapshuim a nglacann tú léi agus tú ag dul ar scor saor ó cháin freisin.

Is amhlaidh a chuireann na Coimisinéirí Ioncaim teorainneacha ar an bhfaoiseamh atá ar fáil i leith ranníocaíochtaí agus sochar. Is ríleor na teorainneacha sin, ámh, don chuid is mó daoine le leibhéal réasúnta pinsin bheith acu. Is iad na heochairchinntí a chaitheann tusa a dhéanamh, ag glacadh do chúinsí féin san áireamh:

- Cén cineál pinsin ar féidir liom leas a bhaint as?
- Cén cineál plean pinsin ba mhó a d'oirfeadh domsa?

Leagtar amach sa treoir seo mionsonraí na gcineálacha pleananna pinsin atá ar fáil agus na daoine ar féidir leo leas a bhaint astu. B'fhéidir go dteastódh uait smaoineamh faoin méid ioncaim ar mhaith leat a thuilleamh agus tú ar scor, an áit as a dtiocfaidh d'ioncam agus cé mhéid a chaitheann tú coigilt i gcomhair scoir (féach **Cuid 8**).

Is tusa féin atá freagrach as do phleanáil scoir féin faoi dheireadh thiar, agus is fútsa na síolta a chur inniu óna soláthrófar torthaí an scoir chompordaigh sna blianta fada amach romhat.

2. Cén Fáth an dTeastaíonn Pinsean Uaim?

Bíonn beatha níos faide ag daoine go ginearálta, agus saol níos gníomhaí acu agus iad ar scor. Mar thoradh air sin is tábhachtaí ná riamh duitse smaoineamh faoin bhfoinse as a dtiocfaidh d'ioncamsa nuair a théann tú ar scor.

Soláthróidh do Phinsean Stáit leibhéal bunúsach ioncaim scoir duitse, ar an gcuntar go gcáilíonn tú lena aghaidh.

Nuair a bhíonn tú ag pleanáil i gcomhair an scoir, teastóidh uait cinneadh an mbeidh dóthain ioncaim agat le linn scoir, agus mura mbíonn, an fhoinse as a dtiocfaidh d'ioncam breise.

Is iondúil go dtagann pinsin mhórchuid na ndaoine ó cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

- An Pinsean Stáit,
- plean pinsin chuideachta, nó
- plean pinsin phearsanta i bhfoirm *Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta* nó Conartha Bhlianachta Scoir.

Leagtar amach sa leabhrán seo achoimre de na socruithe éagsúla pinsin atá ar fáil in Éirinn anuas ar an bPinsean Stáit. Leagtar amach i dtéarmaí ginearálta ann freisin na roghanna pinsin a d'oirfeadh do chúinsí agus riachtanais faoi leith.

Tá sé tábhachtach duitse do phleanáil scoir féin a rialú agus na cinntí a ghlacadh maidir le do phinseansa.

Nótaí:
Tá an leabhrán seo bunaithe ar an reachtaíocht, rialacha agus teorainneacha cánach ag tráth scríofa, agus ba cheart go mb'fheasach duit go n-athróidh siadsan le himeacht ama.

Sainmhínítear na téarmaí a thaispeántar sa *chló iodálach* sa ghluais a leagtar amach in **Aguisín B**.

3. Pinsin Scoir an Stáit

Tá trí chineál pinsin á soláthar ag an Stát:

- Pinsean Stáit (Trasdul) ar iníoctha é ag aois a 65 le daoine a chuaigh ar scor agus a shásaigh coinníollacha áirithe ÁSPC,
- Pinsean Stáit (Ranníocach) ar iníoctha é ag aois a 66 le daoine a shásaigh coinníollacha áirithe ÁSPC, agus
- Pinsean (Neamh-Ranníocach). Is Pinsean faoi réir thástáil acmhainne é seo do dhaoine ag aois 66 agus os a cionn nach gcáilíonn don Phinsean Scoir nó don Phinsean Seanaoise (Ranníocach) bunaithe ar a dtaifead árachais sóisialta.

Tá na Pinsin Stáit ceaptha lena chinntiú go bhfaigheann daoine caighdeán maireachtála bunúsach agus iad ar scor. Mar shampla, is é €10,051 in aghaidh na bliana an Pinsean Scoir iomlán sa bhliain 2006. Ní bhfaigheann daoine áirithe Pinsean Stáit iomlán (Trasdul), nó Pinsean Stáit (Ranníocach), toisc nár cuireadh dóthain íocaíochtaí árachais shóisialaigh chun sochair dóibh. Féadtar leibhéil phinsin níos ísle a íoc sna cásanna sin.

I dteannta le do phinsean ón Stát, d'fhéadfadh liúntas Aosaigh Cháilithe agus/nó liúntas Linbh Cháilithe bheith iníoctha, má shásaítear na coinníollacha dá n-íoc.

Íocann an Stát Pinsean baintrí nó baintrí fir freisin, faoi réir shásamh coinníollacha áirithe arís.

Má theastaíonn uait tuilleadh eolais a fháil i leith Pinsean Stáit, ba cheart duit cóip de Leabhrán arna eisiúint ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar a dtugtar **"A Guide to Social Welfare Services" ref SW4**.

Sochair stáit eile

I dteannta leis na Pinsin Stáit, tá roinnt sochar breise iníoctha le daoine scortha nó scothaosta. Áirítear leo seo an saorthaisteal, pacáiste teaghlaigh lena n-áirítear cabhair leis do chostais leictreachais, gáis, ceadúnais teilifíseáin agus gutháin. Tá roinnt coinníollacha ann nach mór a shásamh d'fhonn na sochair sin a fháil, agus beidh ort na coinníollacha sin a sheiceáil ag an tráth a scoireann tú.

4. An Rogha Cheart a Thoghadh

Féadfaidh tú d'ioncam le linn scoir a mhéadú trí leas a bhaint as:

- Plean pinsin chuideachta – arna bhunú ag fostóir dá bhfostaithe,
- pinsean pearsanta, ar nós Conartha Blianachta Scoir (RAC) nó *PRSA*.

Is féidir iad seo a fháil ó chuideachtaí airgeadais ar nós cuideachtaí árachais, bainc, cumainn foirgníochta agus comhairleoirí airgeadais.

Ceadaíonn na roghanna sin go léir d'fhaoiseamh cánach ar ranníocaíochtaí, rolladh suas saor ó cháin d'infheistíocht agus cnapshuim shaor ó cháin ag tráth scoir. Is bealach rí-éifeachtúil iad dá réir chun coigilt i gcomhair do scoir. Braithfidh an rogha cheart duitse ar do chúinsí pearsanta. Ní foláir duit roinnt ceisteanna a chur ortsa féin:

- An féidir liom dul isteach le plean pinsin chuideachta?
- An gcuideoidh m'fhostóirse le cistiú mo phinsinse?
- Cé mhéad atá ar acmhainn agam a choigilt?
- Cé mhéad ioncam breise an dteastóidh uaimse le linn scoir?

Tá sreabhchairt leagtha amach ag cúl an leabhráin seo, i bhformáid ceiste agus freagra, a chuideoidh leat leis an gcinneadh seo, féach **Aguisín A**. Tá cur chuige ginearálta aici sin de bharr a bunbhrí féin. Mura bhfuil tú cinnte faoin na roghanna a bhaineann le do chúinsí féin, ba cheart duit comhairle a fháil *ó chomhairleoir airgeadais*.

5. Pleananna Pinsin Chuideachta

Bunaíonn na fostóirí pleananna pinsin chuideachta, nó pleananna pinsin ghairme mar a thugtar orthu uaireanta, chun sochair scoir agus báis a sholáthar dá bhfostaithe. Níl aon cheangal dlíthiúil ar chuideachta chun plean pinsin chuideachta a bhunú. Is iondúil go mbunaítear na pleananna sin faoi iontaobhas nó ar bhunús reachtúil. Bunaítear pleananna reachtúla tríd an reachtaíocht, agus soláthraítear sochair d'fhostaithe san earnáil phoiblí nó i gcomhlachtaí leathstáit.

■ Cineálacha pleananna cuideachta

Tá dhá chineál plean pinsin chuideachta ann:

- Soláthraítear le pleananna *Sochair shainithe* leibhéal socraithe de phinsean ag aois scoir, a bhraitheann de ghnáth an méid de ar do sheirbhís agus do thuilleamh ag tráth scoir.

  Déantar liúntas i líon mór pleananna *Sochair Shainithe* don Phinsean Stáit nuair a sholáthraítear pinsean. Baintear amach é sin trí leas a bhaint as seach-chur ó thuarastal i ndáil leis an bPinsean Stáit. Go leor de na pleananna a mbíonn an aidhm acu $^{2}/_{3}$ de bhuntuarastal baill a sholáthar i ndiaidh 40 bliain de sheirbhís inphinsin; ríomhtar an teidlíocht pinsin leo ar bhuntuarastal baill lúide an Pinsean Stáit faoi 1½.

- Pleananna *Ranníocaíochta Sainithe*, mar a n-infheistítear do ranníocaíochtaí féin agus ranníocaíochtaí d'fhostóra araon agus mar a n-úsáidtear na fáltais le pinsean a cheannach ag tráth scoir. Braithfidh leibhéal do phinsin ar an méid a infheistíodh, an toradh ar do chuid infheistíochtaí agus costas do phinsin ag aois scoir. Féach leabhrán eolais An Bord Pinsean **"A Brief Guide to Integration"**.

Féach **Aguisín B** i gcomhair tuilleadh mionsonraí.

Dul ínteacht le plean cuideachta

Ba chóir duit fiafraí de d'fhostóir an bhfuil plean cuideachta ann, cén sórt plean atá ann, agus an féidir leat dul isteach leis an bplean.

Bíonn rialacha incháilitheachta ag gach aon phlean pinsin chuideachta. Leagtar amach sna rialacha sin na daoine ar féidir leo ballraíocht a ghlacadh leis an bplean, cathair ar féidir leo dul isteach agus na sochair a bhíonn ar fáil dóibh. Bíonn sé mar choinníoll fostaíochta ag roinnt cuideachtaí go gcaitheann fostaithe ballraíocht a ghlacadh leis an bplean nuair a bhíonn siad incháilithe.

Áirítear fostaithe i gcomhair sochair chnapshuime um bás le linn seirbhíse le go leor pleananna cuideachta go huathoibríoch agus go díreach tar éis dóibh teacht isteach sa chuideachta (fiú mura féidir leis an bhfostaí dul isteach i gcomhair sochar pinsin nó nach féidir leo dul isteach i gcomhair sochar pinsin ag tráth níos déanaí).

Níor fónadh ach amháin d'fhostaithe lánaimseartha i go leor de na pleananna pinsin chuideachta san am atá thart. Ní hamhlaidh an cás sin a thuilleadh, ámh, tar éis reachtaíochta d'oibrí páirtaimseartha thiar sa bhliain 2001. Ní foláir d'fhostóirí sochair *prorate* a sholáthar d'fhostaithe páirtaimseartha a oibríonn 20% ar a laghad den am a oibríonn fostaí lánaimseartha inchomparáide, mura mbíonn cúinsí speisialta ann nach gá go n-áireofaí fostaithe páirtaimseartha dá réir.

Ciallaíonn an reachtaíocht úr thiar sa bhliain 2003, i ndáil le fostaithe téarma seasta, go gcaitheann fostóirí a gcuid pleananna pinsin chuideachta ar fáil do na fostaithe sin i go leor cásanna.

Más ball tú de phlean pinsin ghairme, ní féidir leat RAC nó *PRSA* a thosú, mura *PRSA* é lena ndéanann tú ranníocaíochtaí saorálacha breise (féach **Cuid 7**) nó mura mbíonn foinse tuillimh ar leithligh agat, .i. post nó ioncam ar leithligh.

Ranníocaíochtaí

Is minic a iarrtar ar bhaill ranníoc le costas an phlean phinsin chuideachta. Is iondúil go socraítear ranníocaíochtaí mar chéatadán de thuarastal.

Socraítear ranníocaíocht fostóra i bplean *ranníocaíochta sainithe* i gcáipéisí an phlean féin. Is é an fostóir a íocann ranníocaíochtaí de ghnáth i bplean *sochair shainithe* ag an leibhéal is gá chun cistiú na sochar a gealladh.

Ranníocaíochtaí Saorálacha Breise "AVC"

Is ranníocaíochtaí atá sna AVC a dhéanann ball le sochair scoir a mhéadú. Ní cheadaítear do na hAVC ach amháin má cheadaíonn rialacha plean faoi leith do dhéanamh na nAVC. Mura gceadaítear do na hAVC faoin na rialacha, is amhlaidh ansin a chaithfidh an fostóir *PRSA* Caighdeánach a thairiscint chun críche déanamh na nAVC.

Faoiseamh cánach

Ranníocaíochtaí baill

Is iondúil go n-íoctar do ranníocaíochtaí le plean pinsin chuideachta tríd an bpárolla. Gheobhaidh tú faoiseamh cánach láithreach uathoibríoch mar thoradh air sin, in éineacht le faoiseamh ó *ÁSPC* agus ó na tobhaigh shláinte. Ní chaitheann tú an faoiseamh sin a éileamh.

Is ionann an ráta uasta ranníocaíochta (mar chéatadán den phá iomlán) ar ar féidir leat faoiseamh cánach a fháil agus:

Aois is sine ag aon am i rith na bliana cánach	Ráta
Faoi 30	15%
30-39	20%
40-49	25%
50-54	30%
55-59	35%
60 agus os a chionn	40%

Chun críocha an fhaoisimh chánach, tá na ranníocaíochtaí sin teoranta do thuilleamh suas go €254,000 in aon bhliain cánach.

Ranníocaíochtaí fostóra
Ní ghearrtar cáin ort i leith aon ranníocaíochtaí fostóra a íoctar le plean pinsin chuideachta.

Infheistíochtaí
Rolltar suas gach ciste a infheistítear i bplean pinsin chuideachta saor ó cháin ioncaim agus ghnóthachan caipitiúil.

Infheistiú ranníocaíochtaí

Más ball tú de phlean *ranníocaíochta sainithe*, féadfar raon roghanna infheistíochta a sholáthar duitse. Ba cheart duit athbhreithniú cúramach a dhéanamh ar an eolas a sholáthraítear i leith aon rogha a thairgtear sula nglactar le haon chinneadh. Bíonn sé tábhachtach go ndéanann tú athbhreithniú tréimhsiúil ar aon chinneadh infheistíochta a dhéantar, go háirithe sna blianta ag druidim leis an scor agus tú ag iarraidh cosaint a thabhairt d'aon sochar infheistíochta a gnóthaíodh. Féach leabhrán eolais An Bord Pinsean ***"What do you know about your pension scheme?"*** i gcomhair tuilleadh eolais i leith pé eolas a chaithfear a nochtadh duitse nuair a thairgtear roghanna infheistíochta.

Cén uair agus cén chaoi ar féidir le ball sochair a fháil?

Gnáthscor
Soláthraíonn pleananna pinsin chuideachta sochair ag gnáthaois scoir an phlean. Is gnách go mbeidh do phinsean bunaithe ar do bhlianta sa chuideachta nó plean agus do thuilleamh ag aois scoir. Má oibríonn tú san earnáil phríobháideach is iondúil go mbaineann siad seo a leanas le do roghanna:

- Pinsean, nó
- cnapshuim shaor ó cháin agus pinsean laghdaithe.

Má oibríonn tú san earnáil phoiblí, b'iondúil go soláthrófaí leibhéal seasta pinsin agus cnapshuim breise shaor ó cháin le do phleansa.

Ag brath ar rialacha aon phlean faoi leith, b'fhéidir go méadófaí nó nach méadófaí an íocaíocht.

Is inchánach faoin gcóras ÍMAT iad na pinsin íocaíochta, agus tagann siad faoi réir na dtobhach sláinte freisin.

Féadann ball plean le hAVC, má cheadaíonn na rialacha chuige, leas a bhaint as a gcuid AVC chun an méid seo a leanas a sholáthar:

- An chnapshuim shaor ó cháin iomlán nó cuid di,
- pinsean breise,
- íocaíocht le Ciste Scoir Cheadaithe *"ARF"* nó Ciste Scoir Íosta Ceadaithe *"AMRF"* (féach **Cuid 9**),
- cnapshuim inchánach (féach **Cuid 9**). Stiúrthóir cuideachta a rialaíonn níos mó ná 5% de na cearta vótála ina gcuideachta; féadann siad leas a bhaint as na roghanna *ARF*, *AMRF* nó cnapshuim inchánach mar fheithicil do gach sochar scoir ag eascairt as plean na cuideachta sin.

Luathscor

Ceadaíonn mórchuid de na pleananna pinsin chuideachta san earnáil phríobháideach chun scor go luath le comhthoil an fhostóra agus/nó na n-iontaobhaithe ón aois 50 bliain ar aghaidh. Ceadaíonn go leor pleananna do bhaill scor go luath de bharr drochshláinte ag aois ar bith.

I gcás plean *sochair shainithe*, bíonn na sochair luathscoir níos ísle de ghnáth chun ligean don chostas breise a bhaineann le híoc luath na sochar agus ar feadh tréimhse níos faide. I gcás plean *ranníocaíochta sainithe*, bheadh an ciste a bheadh ar fáil chun do shochair a sholáthar ní b'ísle ar luathscor (óir gur íocadh ní ba lú ranníocaíochtaí agus go mbeadh na cinn a íocadh á n-infheistiú ar feadh tréimhse níos giorra). Ina theannta sin, ba dhaoire an costas a bhainfeadh le ceannach do phinsin.

Bás le linn seirbhíse

Is iondúil go soláthraíonn pleananna pinsin chuideachta sochair dá bhfaighfeá bás agus tú i bhfostaíocht. Braithfidh an fhoirm bheacht de na sochair sin ar na rialacha d'aon phlean faoi leith. D'fhéadfaí ceann amháin nó gach ceann díobh seo a leanas a áireamh leis na sochair sin:

- Cnapshuim, ar minic gur iolraí do thuarastail í,
- aisíoc do ranníocaíochtaí, lena n-áirítear aon AVC,
- pinsean céile nó páirtí, iníoctha ar feadh an tsaoil, nó
- pinsean linbh nó dílleachta, a thagann chun deiridh ag aois a 18 de ghnáth (níos déanaí má tá siad san oideachas lánaimseartha) agus d'fhéadfadh sé bheith teoranta do 2 nó 3 leanaí ar a mhéid.

Bás le linn scoir

Is gnách do phlean cuideachta gur plean *sochair shainithe* é chun foirm éigin de shochar a sholáthar dá dtarlódh do bhás agus tú ar scor. Áirítear leis na cineálacha sochar a sholáthraítear dá dtarlódh bás le linn scoir:

- Pinsean baintrí/baintrí fir nó cleithiúnaí, ar gnách a shloinntear mar chéatadán de do phinsean nó tuarastal,
- tréimhse íosta íocaíochta faoi ráthaíocht, ar gnách gur 5 bliana í. Cinntítear leis seo go n-íocfar do phinsean ar feadh tréimhse íosta fiú má fhaigheann tú bás go gairid tar éis do scoir.

Braitheann an sochar iarbhír ar iníoctha é ar rialacha gach aon phlean.

Drochshláinte

Féadann pinsean d'fhostóra sochar a sholáthar sa chás nach féidir leat obair de bharr galair thromchúisigh. Mar mhalairt rogha, féadann d'fhostóir foirm éigin árachais a sholáthar lena leithéid de theagmhas a chlúdach.

B'fhéidir go mba mhian leat foirm éigin d'árachas míchumais a fháil lena chinntiú go mbíonn ioncam ar fáil i gcás an mhíchumais, mura soláthraíonn plean pinsin do chuideachta nó árachas d'fhostóra na sochair thuas.

An fostóir a fhágáil

Téann ballraíocht plean pinsin chuideachta in éag nuair a fhágann tú an fhostaíocht sin. Má tá níos mó ná dhá bhliain de *Sheirbhís Incháilithe* agat, arb ionann é agus dhá bhliain sa phlean de ghnáth mar bhall chun críocha pinsin, beidh tú in ann:

- Do shochar a fhágáil sa phlean nó go scoireann tú (ar a dtugtar sochar iarchurtha nó coinnithe), nó
- luach do shochar pinsin a bhogadh nó a aistriú chuig socrú pinsin éigin eile.

Má fhágann tú plean *sochair shainithe*, is amhlaidh nach reoitear do shochar iarchurtha, méadaítear é gach bliain go dtí do scor faoi 4% nó an méadú bliantúil san Innéacs Praghsanna Tomhaltais (CPI) más lú é. Is amhlaidh i bplean *ranníocaíochta sainithe* a leanann do shochar iarchurtha á infheistiú, agus baineann siad leas as torthaí infheistíochta.

B'fhéidir go mbeadh iallach ort, má tá níos lú ná 2 bhliain de *Sheirbhís Incháilithe* agat, nuair a fhágann tú seirbhís chun aisíoc de luach do ranníocaíochtaí féin a thabhairt amach lúide an cháin ag an ráta bunúsach. Féadann roinnt pleananna ceadú duitse do ranníocaíochtaí a fhágáil sa phlean, fiú mura ceangal dlíthiúil orthu chuige sin. Caitear leis na hAVC ar an gcaoi chéanna le príomhshochair phlean.

Iniomparthacht

Má fhágann tú plean pinsin chuideachta le *sochar coinnithe*, bíonn tú i dteideal luach do shochair a bhogadh chuig:

- Plean pinsin d'fhostóra nua,

- *PRSA* éigin má tá níos lú ná 15 bliain seirbhíse agat i bplean pinsin na cuideachta, agus faoi réir a ghlacthachta ag an soláthraí *PRSA*,
- banna cheannach thar barr amach, ar polasaí árachais saoil é atá deartha le luachanna aistriúcháin a fháil ó phleananna pinsin chuideachta, nó
- plean pinsin thar lear i gcúinsí áirithe.

I bplean *rannícaíochta sainithe*, is ionann an luach a íocfar agus luach ina airgead de chuid na n-infheistíochtaí i seilbh do chiste ar leithligh lúide aon chaiteachais a údaraítear faoi rialacha an phlean.

Cuirtear luach i bplean *sochair shainithe* ar an sochair is iníoctha ón bplean pinsin chuideachta ag úsáid boinn chaighdeánaigh na n-áireamh. Féadtar an luach sin a laghdú, ámh, mura sásaíonn an plean pinsin chuideachtaí óna n-íoctar é an bunús íosta cistithe a leagtar amach in Acht na bPinsean, 1990, arna leasú.

Teorainneacha uasta sochair

Tagann gach sochar a íoctar ó phlean cuideachta nó reachtúil faoi réir uasteorainneacha arna socrú ag na Coimisinéirí Ioncaim nó ag an Reacht ábhartha. Mar achoimre, is iad na teorainneacha sin i bplean cuideachta:

- Pinsean ar scor ó sheirbhís ag gnáthaois scoir de $^{2}/_{3}$ de do Luach Saothair dheiridh, má chuir tú isteach 10 mbliana seirbhíse, nó
- cnapshuim shaor ó cháin ó sheirbhís ag gnáthaois scoir de 1½ uair de do Luach Saothair dheiridh, má chuir tú isteach 20 bliain seirbhíse agus pinsean laghdaithe,
- pinsean cleithiúnaí suas go 100% de do phinsean féin.

Is iad na Coimisinéirí Ioncaim a shainíonn an Luach Saothair Dheiridh. Sa chuid is mó de na cásanna bíonn sé bunaithe ar bhuntuarastal deiridh fhostaí móide 3 bliana ar an meán dá sochair luaineacha (m.sh. bónas nó ragobair).

6. Conarthaí Blianachta Scoir

Is é Conradh Blianachta Scoir "RAC" an t-ainm foirmiúil i gcomhair an ruda ar gnách a dtugtar pinsean pearsanta air. Is cineál conartha árachais faoi leith é an RAC arna fhormheas ag na Coimisinéirí Ioncaim.

Is plean pinsin *ranníocaíochta sainithe* é an RAC. Braitheann luach na sochar is iníoctha ón gconradh faoi dheireadh thiar ar an leibhéal ranníocaíochtaí a íocadh, an toradh infheistíochta a gnóthaíodh agus an costas a bhaineann le ceannach sochar.

Cé ar féidir leo Conradh Blianachta Scoir a thosú?

Féadfaidh tú RAC a thosú má tá *Tuilleamh Ábhartha* agat, nó má bhí sé agat ag tráth éigin. Sainmhíniú leathan ar *Thuilleamh Ábhartha* is ea gur tuilleamh é ó:

- Fostaíocht neamh-inphinsin, .i. tuilleamh ó phost nach bhfuiltear á chur i bplean pinsin chuideachta éigin, nó
- ceird nó gairm féin-fhostaithe, .i. inmheasta faoi Chás I nó Cás II de Sceideal D, mar shampla, ioncam dochtúirí, aturnaetha, feirmeoirí.

Caithfear tabhairt faoi deara:

- Mura n-áirítear leat i bplean pinsin chuideachta **ach amháin** i gcomhair sochair chnapshuime báis le linn seirbhíse, meastar tú bheith i bhfostaíocht neamh-inphinsin agus *Tuilleamh Ábhartha* bheith i do sheilbh chun críocha RAC éigin,
- má tá níos mó ná foinse amháin tuillimh agat, féadann tú ranníoc le RAC i ndáil le haon fhoinse ioncaim nach gcuirtear i bplean pinsin chuideachta éigin. Mar shampla, má tá post lánaimseartha a bhfuil d'fhostóir á chur i bpinsean agus post páirtaimseartha agat, féadfaidh tú RAC a thosú i ndáil le do thuilleamh ón bpost páirtaimseartha,

- féadfaidh tú ranníoc le níos mó ná RAC amháin in aon cháinbhliain faoi leith,
- féadfaidh tú ranníoc le RAC agus le *PRSA* in aon cháinbhliain faoi leith (féach **Cuid 7**), agus
- ní féidir le daoine aonair RAC a thosú nach bhfuil tuilleamh inchánach acu, ar nós daoine gan phá, ach féadfaidh siad *PRSA* a thosú.

Féadann daoine féinfhostaithe ar ball iad de chumann nó comhlachas a fheidhmíonn do thromlach lucht gairme éigin dul isteach i bplean "RAC grúpa" arna bhunú faoi iontaobhas don chumann nó comhlachas úd, mar shampla an Dlí-Chumann nó an Cumann Fiaclóirí. Bíonn na teorainneacha agus sriantaí céanna i bhfeidhm leis na conarthaí faoi árachas.

Ranníocaíochtaí

Is gnách gurb é an duine aonair a thosaíonn an RAC a ranníocann leis an bpolasaí. Is minic gur tríd an dochar díreach leis an gcuideachta árachais lena mbaineann a bhíonn sé seo amhlaidh. Socraíonn gach cuideachta árachais ranníocaíocht íosta, agus caitheann tú an méid sin a ranníoc ar a laghad d'fhonn RAC a thosú.

Faoiseamh cánach

Ranníocaíochtaí pearsanta

Bíonn tú i dteideal faoisimh chánach ioncaim ar ranníocaíochtaí a íoctar leis an RAC. Is gnách go n-éilítear an faoiseamh seo ar ais ó na Coimisinéirí Ioncaim i do thuairisceán cánach bliantúil. Leagtar amach an t-uasmhéid ar ar féidir leat faoiseamh cánach a fháil sa tábla seo a leanas. Féadfaidh tú níos mó ranníocaíochtaí a íoc, ach is teoranta an faoiseamh cánach a bheidh ar fáil.

Aois is airde i rith na bliana cánach	Teorainn faoisimh chánach
Faoi bhun 30	15% de *Ghlantuilleamh Ábhartha*
30-39	20% de *Ghlantuilleamh Ábhartha*
40-49	25% de *Ghlantuilleamh Ábhartha*
50-54	30% de *Ghlantuilleamh Ábhartha*
55-59	35% de *Ghlantuilleamh Ábhartha*
60 agus os a chionn	40% de *Ghlantuilleamh Ábhartha*

D'fheidhmeofaí na teorainneacha thuas do do ranníocaíochtaí iomlána dá ranníocfá le RAC agus PRSA éigin in aon cháinbhliain amháin i gcás an dá shocrú.

Is ionann *Glantuilleamh Ábhartha* agus *Tuilleamh Ábhartha* lúide:

- Muirir ar ioncam ar nós cúnant, úis agus cothabhála incheadaithe, ar in-asbhainte chun críocha Cháin Ioncaim iad, agus
- caillteanais nó liúntais a bhaineann le do *Thuilleamh Ábhartha*.

Chun críocha faoisimh chánach, bíonn an faoiseamh cánach teoranta do Ghlantuilleamh Ábhartha suas go huasmhéid de €254,000 in aon cháinbhliain faoi leith.

Ranníocaíochtaí fostóra
Gearrfar cáin ar an bhfostaí i leith ranníocaíochtaí mar shochar comhchineáil, más rud é go n-íocann fostóir ranníocaíochtaí le RAC éigin. Is féidir leis an bhfostaí faoiseamh ioncaim a éileamh ansin ar na ranníocaíochtaí sin amhail is gur íoc sé nó sí na ranníocaíochtaí.

Tabhairt anonn agus tabhairt siar ranníocaíochtaí
Is féidir an ranníocaíocht a thabhairt anonn dá n-íocfá ranníocaíocht in aon cháinbhliain ar mhó í ná an méid ar ar tugadh faoiseamh cánach. Caitear léi ansin mar ranníocaíocht a tugadh sa cháinbhliain ina dhiaidh sin.

Féadann tú roghnú go gcaithfear leis na ranníocaíochtaí sin le bheith déanta sa cháinbhliain roimhe sin, más rud é go ndéanann tú ranníocaíochtaí idir deireadh na cáinbhliana agus an 31 Deireadh Fómhair ina dhiaidh sin.

Infheistíochtaí
Rolltar suas gach ciste a infheistítear i RAC saor ó cháin ioncaim agus ghnóthachan caipitiúil.

Infheistiú ranníocaíochtaí

Beidh réimse roghanna infheistíochta agat nuair a thosaíonn tú RAC. Ba cheart duit athbhreithniú cúramach a dhéanamh ar an eolas a sholáthraítear i leith na roghanna sin sula nglactar le haon chinneadh. Bíonn sé tábhachtach go ndéanann tú athbhreithniú tréimhsiúil ar aon chinneadh infheistíochta a ghlactar, go háirithe sna blianta ag druidim leis an scor óir go mba mhian leat cosaint a thabhairt d'aon ghnóthachan a rinneadh.

Roghanna sochair

Scor – cathain is féidir an sochar a bhaint?
Is féidir leat sochar a bhaint as RAC de réir seo a leanas:

- Ag tráth ar bith tar éis aois a 60 ach roimh aois a 75, agus
- ag tráth ar bith i gcás na drochshláinte.

Ní chaitheann tú scor d'fhonn sochar a tharraingt. I gcás an scoir de bharr drochshláinte tromchúisí, measfar tú gan bheith in ann obair go buan.

Is líon cuibheasach beag gairmeacha atá ann lena gceadóidh na Coimisinéirí Ioncaim do scor roimh aois a 60, ar nós daoine spórt áirithe.

An Scor – cad iad na sochair ar féidir iad a bhaint?
Braithfidh méid do shochair ar leibhéal na ranníocaíochtaí a íocadh, an toradh infheistíochta a tuilleadh ar na ranníocaíochtaí sin agus an costas a bhainfeadh le ceannach do phinsin. Ba chóir duit iarraidh ar an gcuideachta árachais i gcomhair léiriúcháin ina leagtar amach leibhéal féideartha do phinsin ag aois scoir. Cuirfidh sé sin ar do chumas féachaint an bhfuil tú ag coigilt do dhóthain.

Is féidir leat roghnú nuair a shroicheann tú aois scoir 25% de do chiste scoir a bhaint mar chnapshuim shaor ó cháin. Chaití fuílleach an chiste a úsáid go traidisiúnta le *blianacht* (pinsean) a cheannach. Ní mór don *bhlianacht* sin bheith iníoctha ar feadh saoil an duine, agus d'fhéadfaí áireamh léi freisin:

- Tréimhse ráthaíochta suas go 10 mbliana,
- pinsin chleithiúnaithe, faoi réir uasmhéid de phinsean an duine aonair san iomlán, nó
- méaduithe pinsin.

Bíonn gach pinsean (blianachtaí) in íocaíocht faoi réir ÁSPC ag an bhfoinse agus na dtobhach sláinte.

I gcás na RAC a tosaíodh tar éis 6 Aibreán 1999, nó i gcomhair conarthaí ní ba luaithe mar a n-aontaíonn an chuideachta árachais; tá dhá rogha ann anois ag aois scoir i dteannta le *blianacht* a cheannach, mar atá:

- Fuílleach an chiste scoir, tar éis d'aon chnapshuim shaor ó cháin bheith bainte de, a aistriú chuig *ARF* nó *AMRF* (féach **Cuid 9**), nó
- fuílleach an chiste scoir tar éis aon chnapshuim shaor ó cháin a bhaint mar chnapshuim inchánach. Bainfear den fhoinse an cháin ag do ráta imeallach (féach **Cuid 9**).

Drochshláinte
Is féidir i roinnt cúinsí sochar a tharraingt ó RAC i gcás na drochshláinte. Is minic an sochar is iníoctha bheith laghduithe go mór óir ranníocaíochtaí bheith íoctha ar feadh achair ghairid, agus is rí-airde an costas a bhaineann le ceannach pinsin ag aois níos óige ná an costas ag an ngnáthaois scoir.

B'fhéidir go mba mhian leat machnamh faoi fhoirm éigin árachais mhíchumais a thosú chun a chinntiú go mbíonn ioncam ar fáil i gcás an mhíchumais, óir nach bhféadann an plean pinsin aon sochar a sholáthar ná sochar éigin a bheadh neamhdhóthanach sa chás sin.

Bás roimh scor
Bheadh luach do chiste scoir iníoctha le d'eastát dá bhfaighfeá bás sular bhain tú sochar as do RAC. Féadann an ciste is iníoctha bheith cuibheasach beag má fhaigheann tú bás laistigh de chúpla ó thosú do RAC, de bharr an achair theoranta thar ar íocadh na ranníocaíochtaí.

B'fhéidir go mba mhian leat árachas saoil bhreise a bhaint amach le sochar báis ní b'airde a sholáthar. Féadann sé seo bheith mar chuid de do RAC.

Iniomparthacht
Is féidir gach RAC a tosaíodh tar éis 6 Aibreán 1999, nó conarthaí roimhe sin mar a n-aontaíonn an chuideachta árachais, a aistriú chuig RAC éigin eile. Is féidir luach an aistriúcháin sin a íoc le PRSA, trí chomhaontú frithpháirteach idir tusa agus an chuideachta árachais lena mbaineann.

7. Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (PRSA)

Is cineál nua de chonradh pinsin phearsanta é an *PRSA* a tugadh isteach sa bhliain 2003. Is conradh é idir duine aonair agus soláthraí údaraithe *PRSA*. Is plean *ranníocaíochta sainithe* é. Tá dhá chineál chonradh *PRSA* ann:

- Is éard atá sa **PRSA Caighdeánach** conradh a bhfuil muirear uasta 5% ar na ranníocaíochtaí a íocadh agus 1% sa bhliain ar na sócmhainní a bhfuiltear á mbainistiú. Is iad infheistíochtaí amháin a cheadaítear sna cistí comhthiomsaithe lena n-áirítear iontaobhais aonaid agus cistí aonaid na gcuideachtaí saoil, agus
- Is conradh é **PRSA Neamh-Chaighdeánach** nach bhfuil uasteorainneacha aige ar mhuirir, agus/nó a cheadaíonn d'infheistíochtaí i gcistí seachas na cistí comhthiomsaithe.

Ní féidir muirir a shloinneadh mar mhéideanna cothroma, agus ní féidir iad a ghearradh ach amháin mar chéatadán de ranníocaíochtaí nó luach ciste. Ní féidir muirir a chur i bhfeidhm ar aistriúcháin chuig *PRSA* nó uathu. Bíonn sé seo fíor-thábhachtach óir go gcinntíonn sé nach mbíonn muirir iomarcach i gcomparáid le leibhéal na ranníocaíochtaí.

Féach leabhrán eolais an Bord Pinsean ***"PRSA – A Consumer Guide"*** i gcomhar tuilleadh eolais.

Cé ar féidir leo Cuntas Coigiltis Scoir Phearsanta?

Fostaithe, daoine féinfhostaithe, fir/mná t(h)í, cúramóirí agus daoine dífhostaithe – féadann gach aosach faoi bhun 75 bliain d'aois *PRSA* a thosú i ndáiríre. Ní shloinntear sa reachtaíocht ábhartha aois íosta, ach is féidir é sin a chur leis an dlí conartha ámh, sa ghnáthchleachtadh. Is gné thábhachtach í, neamhchosúil leis na RAC, nach bhfuil aon riachtanas ann tuilleamh inchánach bheith ag duine d'fhonn ranníocaíochtaí a íoc. Tugtar leis an dlí lenar tugadh isteach na *PRSA* an ceart do gach "fostaí eisiata" chun ranníoc trí mheán an phárolla chuig *PRSA* Caighdeánach arna bhunú ag an bhfostóir. Is ionann na fostaithe eisiata, mar achoimre:

- fostaithe nach dtairgtear ballraíocht de phlean pinsin chuideachta dóibh, nó
- fostaithe a áirítear le plean pinsin chuideachta i gcomhair sochar báis le linn seirbhíse amháin, nó
- fostaithe nach bhfuil incháilithe chun dul isteach i bplean pinsin chuideachta agus nach mbeidh, faoi na rialacha, incháilithe chun dul isteach sa phlean i gcomhair sochar pinsin laistigh de shé mhí ón dáta a thosaigh siad an fhostaíocht, nó
- fostaithe nach bhfuil rochtain acu ar AVC trína bplean pinsin chuideachta.

Ranníocaíochtaí

Féadann duine aonair agus fostóir ranníocaíochtaí a íoc le *PRSA*; ní chaitheann an fostóir ranníocaíocht a dhéanamh áfach. Mar ar ball de phlean pinsin chuideachta é an duine aonair, agus go n-áirítear iad i gcomhair sochar pinsin, ní féidir ranníoc le *PRSA* ach amháin mura gceadaítear faoi rialanna an phlean d'íoc na nAVC (féach **Cuid 5**).

Faoiseamh cánach

Ranníocaíochtaí Pearsanta

Bainfidh ranníocaíochtaí a íoctar le *PRSA* tairbhe ó fhaoiseamh cháin ioncaim ag an ráta cánach is airde de chuid an duine aonair. Bainfidh na ranníocaíochtaí a íocann an fostaí trí mheán párolla tairbhe ó fhaoiseamh cánach uathoibríoch, agus tabharfar faoiseamh freisin ó *ÁSPC* agus ó na tobhaigh shláinte, má íocann tú na muirir sin.

Má ranníocann tú go díreach le *PRSA*, beidh ort an faoiseamh cánach a athéileamh go díreach ón oifig cánach. Tabharfar an faoiseamh cánach tríd an gcóras ÍMAT mar chreidmheas cánach breise más fostaí tú. Is féidir faoiseamh cánach féinfhostaithe a éileamh ar do thuairisceán cánach má tá tú féinfhostaithe.

Sloinntear an t-uasfhaoiseamh cánach infhaighte in aon cháinbhliain faoi leith mar chéatadán den *Ghlantuilleamh Ábhartha* (tuilleamh ó ghairm ceirde, oifig nó fostaíocht lúide caiteachais incheadaithe áirithe agus faoi réir caidhpe tuillimh de €254,000), agus leagtar amach thíos é:

Aois i rith na bliana cánach	Teorainn faoisimh chánach
Faoi bhun 30	15% de *Ghlantuilleamh Ábhartha*
30-39	20% de *Ghlantuilleamh Ábhartha*
40-49	25% de *Ghlantuilleamh Ábhartha*
50-54	30% de *Ghlantuilleamh Ábhartha*
55-59	35% de *Ghlantuilleamh Ábhartha*
60 agus os a chionn	40% de *Ghlantuilleamh Ábhartha*

Féadfaidh tú níos mó a íoc isteach ná a léirítear sna teorainneacha faoisimh chánach thuas, ach is teoranta do na méideanna é an faoiseamh cánach a bheidh ar fáil.

Is féidir leat faoiseamh cánach a éileamh ar ranníocaíocht i leith €1,525 beag beann ar aois nó tuilleamh, seachas mar ar ball tú de phlean pinsin chuideachta.

Sa chás go n-íocann tú ranníocaíochtaí deonacha breise le *PRSA*, áirítear do ranníocaíochtaí féin leis an bplean pinsin chuideachta leis na teorainneacha i gcomhair faoisimh chánach. Áirítear leis na teorainneacha sin aon ranníocaíocht a íoctar le RAC.

Ranníocaíochtaí fostóra

Má íocann fostóir ranníocaíochtaí le *PRSA* duine aonair, is amhlaidh a ghearrfar cáin ar an bhfostaí i leith iad siúd mar shochar comhchineáil. Is féidir leis an bhfostaí faoiseamh cánach a éileamh láithreach ar na ranníocaíochtaí sin amhail gurbh eisean nó ise féin a d'íoc na ranníocaíochtaí. Mhaígh na Coimisinéirí Ioncaim nach dtiocfaidh muirear cánach sochair chomhchineáil anuas i gcleachtadh ach amháin mar ar sáraíonn na ranníocaíochtaí iomlána a íoctar in aon bhliain faoi leith na teorainneacha bliantúla a leagtar amach thuas.

Tabhairt anonn agus siar na ranníocaíochtaí
Is féidir leat an ranníocaíocht a thabhairt anonn dá n-íocfá ranníocaíocht i gcáinbhliain éigin ar mhó í ná ar a dtugtar faoiseamh cánach. Caitear leis ansin mar ranníocaíocht a dhéantar sa cháinbhliain dár gcionn. Má dhéanann tú ranníocaíochtaí idir deireadh na cáinbhliana agus tar éis 31 Deireadh Fómhair, is féidir leat roghnú go gcaithfear leis na ranníocaíochtaí sin amhail is go ndearnadh iad sa cháinbhliain roimhe sin.

Infheistíochtaí
Rolltar suas gach ciste a infheistítear i *PRSA* saor ó cháin ioncaim agus cáin ghnóthachan caipitiúil.

Infheistiú ranníocaíochtaí

Nuair a thosaíonn tú *PRSA* is amhlaidh a bheidh réimse roghanna infheistíochta agat. Ní mór straitéis infheistíochta réamhshocraithe ag gach *PRSA*. Is rogha infheistíochta í seo atá bunaithe ar dheachleachtas infheistíochta ginearálta trína n-infheistítear i gcistí a bhfuiltear ag dúil leo go sásóidh siad gnáthionchais choigiltis scoir de ranníocóir. Baineann leibhéal priacail leis na hinfheistíochtaí ar nós an chuid is mó de na roghanna infheistíochta. Ba chóir duit athbhreithniú a dhéanamh go cúramach ar an eolas a sholáthraítear i leith na roghanna sin sula nglactar le haon chinneadh. Bíonn sé tábhachtach go ndéanann tú athbhreithniú tréimhsiúil ar aon chinneadh infheistíochta a ghlactar, go háirithe sna blianta ag druidim leis an aois scoir, óir go mba mhaith leat cosaint a thabhairt d'aon ghnóthachain infheistíochta a saothraíodh.

Roghanna sochair

Scor – cathain is féidir an sochar a bhaint?
Is gnách gur féidir leat sochar a bhaint de *PRSA* idir 60 agus 75 bliain d'aois. Féadann tú do shochair a bhaint roimhe sin sna cúinsí mar seo a leanas:

- Ar aois scoir ón bhfostaíocht ag aois 50 nó os a chionn, nó
- ag tráth ar bith i gcás na drochshláinte tromchúisí.

I gcás an scoir de bharr drochshláinte tromchúisí, ní mór duit bheith an-tinn agus go measfaí fút gan bheith in ann obair go buan.

Scor – cad iad na sochair is féidir a bhaint?
Is féidir leat roghnú suas go 25% de do chiste a bhaint ag tráth scoir mar chnapshuim shaor ó cháin ó *PRSA*. Is féidir fuílleach an chiste a úsáid chun:

- *Blianacht* a cheannach (ar pinsean í). Ní foláir an *bhlianacht* bheith iníoctha ar feadh do shaoil, agus d'fhéadfaí tréimhse ráthaíochta suas go 10 mbliana, pinsin chleithiúnaithe (faoi réir uasteorainn de phinsean an duine aonair) agus/nó méaduithe pinsin a áireamh leis, nó
- *ARF* nó *AMRF* a cheannach, (féach **Cuid 9**), nó
- cnapshuim inchánach a íoc, (féach **Cuid 9**), nó
- sochair a bhaint den *PRSA* agus leanúint ar aghaidh ag tabhairt ranníocaíochtaí breise.

Tagann gach pinsean (blianachtaí) faoi réir ÍMAT ag an bhfoinse agus na tobhaigh shláinte.

Más ball tú de phlean pinsin chuideachta agus go ndéanann tú ranníocaíochtaí deonacha breise le *PRSA* éigin, is amhlaidh a bheidh do shochair faoi réir rialacha an phlean agus teorainneacha na gCoimisinéirí Ioncaim a fheidhmítear do phleananna pinsin chuideachta.

Drochshláinte
Is féidir i roinnt cúinsí sochar a bhaint ó *PRSA* i gcás na drochshláinte tromchúisí. Is minic an sochar iníoctha bheith laghdaithe go mór óir ranníocaíochtaí bheith íoctha ar feadh achair ghairid agus is rí-airde an costas a bhaineann le ceannach pinsin ag aois níos óige ná ag gnáthaois scoir.

B'fhéidir go mba mhian leat machnamh faoi fhoirm éigin árachais mhíchumais a thabhairt amach lena chinntiú go mbíonn ioncam ar fáil i gcás an mhíchumais, óir go bhféadann an plean pinsin gan aon sochar nó sochar a bheadh neamhdhóthanach a sholáthar sa chás sin.

Bás roimh scor
Dá bhfaighfeá bás sular bhain tú sochar as do *PRSA*, b'amhlaidh a bheadh luach do chiste scoir iníoctha le d'eastátsa.

Má fhaigheann tú bás laistigh de chúpla bliain tar éis duit *PRSA* a thosú, féadann an ciste is iníoctha bheith cuibheasach beag de bharr an achair theoranta thar ar íocadh na ranníocaíochtaí.

B'fhéidir go mba mhian leat árachas saoil bhreise a thosú le sochar báis ní b'airde a sholáthar. Ní féidir é sin a áireamh le do *PRSA* agus ní mór é bheith faoi chonradh ar leithligh.

Iniomparthacht
Is féidir do *PRSA* a aistriú chuig:

- *PRSA* éigin eile,
- plean pinsin chuideachta, nó
- plean pinsin thar lear i roinnt cúinsí.

Ní féidir le do sholáthraí *PRSA* muirear a ghearradh ort as aistriú luach do chistese.

8. Dreasacht Pinsean Dreasachta Cuntais Dreasachta Coigiltis Speisialta (SSIA)

Cad é an Dreasacht Pinsean SSIA ann?

Tugadh isteach Dreasacht Pinsean SSIA san Acht Airgeadais 2006 chun spreagadh a thabhairt dóibh siúd ar ioncaim ísle cuid d'fháltais a SSIA nó iad go léir a thar-rolladh isteach i dtáirge ceadaithe pinsin, agus chun leanúint ar aghaidh leis an nós coigilte le coigilteas rialta isteach i bpinsean. Bainfidh Creidmheas Cánach de €1 do gach €3 a infheistíodh leis an dreasacht úr, suas go huasmhéid de €2,500 (do €7,500 a infheistíodh), i dteannta le cion den cháin a asbhaintear den SSIA nuair a aibíonn sé. Ní mór an infheistíocht sa táirge pinsin a dhéanamh laistigh de thrí mhí d'aibiú an SSIA.

Conas a cháilímse i gcomhair na Dreasachta?

D'fhonn cáiliú don Dreasacht, is amhlaidh a chuirfidh na critéir seo a leanas i bhfeidhm:

- Ní foláir nach sáraíonn d'ioncam €50,000 sa bhliain roimh an mbliain ina n-aibíonn an SSIA.
- Ní féidir leat faoiseamh cánach a éileamh i gcomhair méideanna SSIA suas go agus lena n-áirítear €7,500 a ath-infheistítear i dtáirge pinsin cheadaithe.
- Ní féidir leat leas a bhaint as an Dreasacht seo le haon mhéid ar gheall tú le ranníoc isteach i dtáirge pinsin cheana féin a athchur.

Cén áit ar féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

Tá tuilleadh eolais i leith Dhreasacht Pinsean SSIA ar fáil ó láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim – www.revenue.ie ("Dreasacht Pinsin SSIA")

Ba cheart fiosruithe i leith scéim Dreasachta Pinsin SSIA a chur ar do sholáthraí SSIA sa chéad ásc.

Má bhíonn fiosruithe breise agat tar éis duit dul i dteagmháil le do sholáthraí SSIA, is féidir iad sin a chur Ard-Bhailitheoir na gCoimisinéirí Ioncaim – 1890-463-626 nó ssiaadmin@revenue.ie

Cad iad na roghanna pinsin eile atá agam i gcomhair mo Chuntais Dreasachta Coigiltis Speisialta?

Tabhair faoi deara gur féidir cistí SSIA a aistriú chuig pinsean éigin, beag beann ar Dhreasacht Pinsin SSIA, i gcomhair tuilleadh eolais i leith aistriú cistí SSIA chuig AVC, *PRSA* nó RAC éigin, téigh i dteagmháil le hiontaobhaithe do scéimese, do Rannóg Aoisliúntais nó le do sholáthraí pinsin. Má tá ceisteanna agat faoi na himpleachtaí cánach, téigh i dteagmháil le Gnó Seirbhísí Airgeadais (Pinsin) na gCoimisinéirí Ioncaim (féach sonraí teagmhála faoi **Aguisín D – Seoltaí Úsáideacha**), agus/nó uimhir Ard-Bhailitheoir na gCoimisinéirí Ioncaim thuas.

Cad iad na rudaí ar chóir dom machnamh orthu sula gcuirtear isteach ar an Dreasacht?

Sula dtugann tú gealltanas chun ranníoc le táirge pinsin éigin, ba chóir duit na pointí seo a leanas a chíoradh agus b'fhéidir go mba mhian leat comhairle neamhspleách a lorg de réir mar is cuí:

- Ar cheart dom ranníoc trí leas a bhaint as na rialacha cánach dá bhfuil ann nó an Dreasacht Pinsean úr a thapú?
- Cén socrú pinsin a oireann do mo chúinsí pearsanta?
- Cad iad na táillí, muirir agus coimisiúin a bhaineann le hábhar?
- Cé mhéad ar cheart dom ranníoc leis?
- Cad iad na sochair a gheobhaidh mé nuair a rachaidh mé ar scor?

9. An leor mo Shocharsa?

Mar a luaitear, ní mór duit machnamh ar fhoinse d'ioncaim agus tú ar scor d'fhonn pleanáil i gcomhair an scoir féin. Teastóidh uait cinneadh a ghlacadh freisin faoin leibhéal ioncaim a theastóidh uait agus tú ar scor. Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara go mbíonn ionchais neamhréalaíocha ag go leor daoine i leith leibhéal an phinsin a gheobhaidh siad agus iad ar scor.

Tá an cumas ag d'ioncam teacht ón bPinsean Stáit, ó do phlean pinsin chuideachta, má tá plean mar sin agat, do chuid RAC nó *PRSA* más ann dóibh, agus aon fhoinse ioncaim neamhphinsin eile a d'fhéadfadh bheith agat.

Féadann tú teacht ar an leibhéal pinsin is dóichí a gheobhaidh tú ó do phlean pinsin chuideachta trí cheist a chur ar iontaobhaithe i gcomhair ráitis. Féach leabhrán eolais An Bord Pinsean ***"What do you know about your pension scheme?"*** i gcomhair tuilleadh eolais i leith pé eolas a chaithfear a nochtadh do bhaill na bpleananna pinsin chuideachta. D'fhéadfá iarraidh ar do sholáthraí RAC i gcomhair ráitis éigin mar mhalairt rogha. Ní mór do do sholáthraí *PRSA* ráiteas mar sin a sholáthar duitse.

I gcás na bpleananna *ranníocaíochta sainithe*, d'fhéadfá iarraidh i gcomhair ráitis ag taispeáint an leibhéil sochair is dóichí a gheobhaidh tú ó do chonradh ag tráth scoir. Is minic gur úsáideach an ní sna cúinsí sin iarraidh ar shloinneadh na méideanna pinsin mar chéatadán de do thuarastal deiridh, óir go dtugann sé léargas duit don chion de d'ioncam a mbeidh tú á athchur ag tráth scoir.

Mar shampla, b'fhéidir go mba mhian leat dul ar scor ag 60% de do thuarastalsa (abair toisc go mbeidh tú tar éis críochnú le híoc as do mhorgáiste). Má sholáthraínn do phlean pinsin chuideachta, i dteannta le Pinsean Stáit, 40% de do thuarastal san iomlán; is amhlaidh a bheidh ort conas is fearr soláthar d'fhuílleach an 20% de d'ioncam agus tú ar scor. B'fhéidir go mba mhian leat, ag brath ar do chúinsí, bheith in ann do ghnáth-ranníocaíochtaí nó do AVC leis an bplean pinsin dá bhfuil agat a mhéadú, nó *PRSA* nó RAC nua a thosú.

Pleananna sochair shainithe

Soláthraíonn plean *sochair shainithe* leibhéal seasta pinsin, arb iondúil go nasctar é le tuarastal baill ag tráth scoir. Ba cheart go mbeifeá in ann smaoineamh ceart a fháil faoi leibhéal an phinsin a gheobhaidh tú, más ball de phlean mar sin tú, ón bplean féin ag aois scoir.

Pleananna ranníocaíochta sainithe

Braitheann na sochair ó phlean *sochair shainithe* ar leibhéal do chiste agus ar an gcostas a bhaineann le ceannach do phinsin ag an tráth a scoireann tú. Braithfidh leibhéal do chiste ag aois scoir ar a sheal féin ar leibhéal na ranníocaíochtaí a íocadh isteach agus an toradh infheistíochta a baineadh amach ar do choigilteas scoir.

Agus luach do chiste amach romhat ag aois scoir á réamh-mheas, is amhlaidh a chaithfidh riarthóir do phlean pinsin glacadh le roinnt toimhdí eacnamaíocha, maidir le torthaí infheistíochta, rátaí úis srl. amach anseo. Is tábhachtach tabhairt faoi deara gur réamh-mheastacháin atá i bhfigiúirí ar bith a sholáthraítear i leith do leibhéal sochair amach anseo, agus nach mbeidh leibhéal do shochar scoir ar eolas agat ach tráth gairid sula scoireann tú go hiarbhír.

Áireamhán Pinsean Ar Líne

Ceadaíonn an t-áireamhán pinsean ar líne atá ar fáil ag www.pensionsboard.ie duit an méid airgid a chaithfeadh tú ranníoc le do phinsean a mheas i ndáil le d'aois agus do thuarastal bliantúil reatha chun teacht chuig an leibhéal pinsin a mbeidh tú ag dúil leis agus tú ar scor.

SAMPLA	
Inscne	Baineann
Aois Reatha	25
Tuarastal Reatha €	€30,000
*Luach Reatha an Chiste €	€0
**Pinsean Sprice mar % den Tuarastal Réamh-Scoir	50%

Tugtar faoi deara: Is tuairim €31,251 é an meánphá tionsclaíoch

SAMPLA (ar lean)	
Pinsean Príobháideach Measta ag aois a 65	€4,116
Pinsean Stáit Mheasta ag aois a 65**	€10,884
Pinsean Iomlán Measta ag aois a 65	€15,000

Tugtar faoi deara: Tá an sampla bunaithe ar airgead an lae inniu agus ar do phinsean ag tosú ag aois a 65.

Tosaigh do phinsean go luath. Dá fhad a fhágfaidh tú é, is ea is mó a íocfaidh tú!

An aois ag a dtosaíonn tú do ranníocaíochtaí	Aois 25	Aois 30	Aois 35	Aois 40
Bliantúil mar % den Tuarastal	5%	6%	7%	9%
Ranníocaíochtaí Bliantúla	€1,500	€1,800	€2,100	€2,700
Oll-iomlán in aghaidh na Míosa	€125	€150	€175	€225
Lúide Faoisimh Chánach	(€25)	(€30)	(€35)	(€45)
Glan-Ranníocaíochtaí in aghaidh na Míosa	**€100**	**€120**	**€140**	**€180**

* *Má tá ciste pinsin agat faoi láthair, is í an iontráil seo luach reatha an chiste sin.*

** *Glactar le teidlíocht ar phinsean iomlán leasa shóisialaigh ar ceann ranníocach stáit é, agus áirítear í mar chuid den spriocphinsean. Is é €10,883.60 luach in aghaidh na bliana den phinsean leasa shóisialaigh stáit reatha (nó €209.30 sa tseachtain) amhail Eanáir 2007.*

Ní thugann an t-áireamhán seo agus an leagan ar líne ach tásc samplach ar na ranníocaíochtaí cistithe i leith do phinsin, agus níor chóir go mbraithfí air in aon chor. Ní thógann an t-áireamhán seo san áireamh aon ranníocaíochtaí a dhéanfadh d'fhostóir le do phinseansa. Téigh i gcomhairle le comhairleoir airgeadais ghairmiúil i gcónaí i gcomhair measúnú iomlán cruinn de d'airgeadas pearsanta agus aon fhaoiseamh cánach a bhféadfá bheith i dteideal dó ar do ranníocaíochtaí pinsin.

Tapaigh Gníomh – Tabhair cuairt ar an Áireamhán Pinsean ar líne ag www.pensionsboard.ie

Faoiseamh Cánach: An eol duit go mbainfidh ranníocaíochtaí a íoctar le scéim pinsin tairbhe as faoiseamh cháin ioncaim ag an ráta cánach is airde atá agat?

Sampla d'Fhaoiseamh Cánach: Má ranníocann tú €100 sa tseachtain le do phinsean agus íocann tú cáin ag an ráta níos airde (.i. 41%), is é €59 sa tseachtain an glanchostas a bheidh ann duitse.

Faoiseamh Breise: Tabharfar faoiseamh i leith ranníocaíochtaí ó ÁSPC agus ón tobhach Sláinte freisin, má íocann tú na muirir sin.

Is í an chéad chéim eile labhairt le d'fhostóir, ceardchumann, banc, cuideachta árachais, cumann foirgníochta nó *comhairleoir airgeadais* i leith tosú do phinsin inniu.

NÓTAÍ

1. Toimhdí a úsáideadh: Is é 5% toradh na hinfheistíochta in aghaidh na bliana roimh aois 65 bliain agus 4% in aghaidh na bliana tar éis aois 65 bliain.

   Méadóidh an tuarastal ag 3% in aghaidh na bliana.

   Méadóidh an pinsean ag 2% in aghaidh na bliana ag aois scoir.

   Méadóidh an Pinsean Stáit ar aon dul le méaduithe tuarastail.

   Áirítear pinsean céilí ar bhás le linn scoir ag 50% den phinsean pearsanta.

2. Méadóidh na méideanna ranníocaíochta a thaispeántar gach aon bhliain de réir mar a mhéadóidh an tuarastal.

3. Tá an t-áireamhán pinsean deartha le tásc iomlán den leibhéal ranníocaíochtaí is gá a thabhairt chun an pinsean inmhianaithe a sholáthar ag aois 65.

4. Braithfidh an pinsean iarbhír ag aois scoir ar an toradh infheistíochta iarbhír agus boilsciú tuarastail síos go dtí aois scoir agus i leith an chostais a bhaineann le ceannach blianachtaí ag aois scoir.

5. Glactar san áireamh le ríomhanna faoisimh chánach teorainneacha a bhaineann le haois ar fhaoiseamh cánach in aon bhliain faoi leith mar a leagadh síos ag na Coimisinéirí Ioncaim. Beidh do *chomhairleoir airgeadais* in ann cuidiú leat fanacht laistigh de do chuid teorainneacha. Is iad seo a leanas an faoiseamh cánach uasta mar % de thuilleamh:

   - Faoi bhun 30: 15%
   - 30 go 39: 20%
   - 40 go 49: 25%
   - 50 go 54: 30%
   - 55 go 59: 35%
   - 60 agus os a chionn: 40%

6. Féadann ranníocaíochtaí nó sochair na teorainneacha atá leagtha síos ag na Coimisinéirí Ioncaim a shárú. Beidh do *chomhairleoir airgeadais* in ann cuidiú leat fanacht laistigh de do chuid teorainneacha.

7. Glactar leis go mbaineann faoisimh chánach ÍMAT & duine singil agus bandaí duine singil leis na ríomhanna glan-ranníocaíochta seo. Déantar slán de freisin nach bhfuil feidhm le haon fhaoiseamh cánach eile.

Tionchar na n-aistrithe idir pleananna pinsin

Tá sé tábhacht go nglacann tú comhairle nuair a bhreithníonn tú aistriú sochar idir pleananna pinsin.

10. Pleanáil Scoir

Beidh roinnt roghanna ar fáil duitse nuair a théann tú ar scor.

D'fhéadfaí a áireamh leo sin:

- Cnapshuim shaor ó cháin a bhaint, faoi réir teorainneacha arna leagan ag na Coimisinéirí Ioncaim,
- pinsean a fháil (arna sholáthar uaireanta ag *blianacht*),
- do choigilteas scoir iomlán nó roinnt de a aistriú chuig Ciste Ceadaithe Scoir *(ARF)* nó Ciste Íosta Ceadaithe Scoir *(AMRF)*,
- cnapshuim inchánach a bhaint.

Ceadaíonn gach plean pinsin duit cnapshuim shaor ó cháin a bhaint. I gcás RAC nó *PRSA* is é 25% de do chiste an t-uasmhéid is féidir leat a bhaint. I gcás plean pinsin chuideachta, is é an t-uasmhéid is féidir leat a bhaint ag gnáthaois scoir le 20 bliain seirbhíse nó níos mó ná 1½ oiread do thuillimh dheiridh. Bíonn méideanna níos ísle iníoctha má scoireann tú go luath nó má bhíonn níos lú seirbhíse agat.

Braithfidh méid do phinsin, má tá RAC, *PRSA* agat nó más ball de phlean pinsin chuideachta *ranníocaíochtaí sainithe*, ar mhéid do chiste scoir a fágadh tar éis duit aon chnapshuim shaor ó cháin agus an costas a bhaineann le ceannach do phinsin a bhaint.

Má tá tú laistigh de phlean *sochair shainithe*, is iondúil go mbeidh do phinsean bunaithe ar do sheirbhís agus tuilleamh, ach is gnách go mbeidh sé laghdaithe faoi choibhéis pinsin d'aon chnapshuim a fuarthas. Féadann tú cnapshuim shaor ó cháin a fháil anuas ar do phinsean féin má tá tú i bplean earnála poiblí.

Bíonn an dá rogha dheireanacha dár tagraíodh thuas ar fáil más rud é:

- Go bhfuil *PRSA* agat,
- go bhfuil RAC agat a bunaíodh tar éis 6 Aibreán 1999, nó conradh níos luaithe mar a gceadaíonn an chuideachta árachais na roghanna sin,
- go bhfuil AVC agat i bplean pinsin chuideachta agus go gceadaítear do na roghanna sin faoi rialacha an phlean, nó
- gur stiúrthóir cuideachta tú ar leatsa níos mó ná 5% de na cearta vótála i do chuideachtasa.

Bíonn an infheistíocht i *ARF* éigin, nó infhaighteacht cnapshuime inchánach, faoi réir choinníoll ioncaim shonraithe. Mura bhfuil tú i dteideal ioncaim shonraithe de €12,700 sa bhliain, lenar féidir do Phinsean Stáit a áireamh, ní mór duit méid de €63,500 a chur i leataobh chun *blianacht* a cheannach (pinsean) nó é a infheistiú i *AMRF* éigin. Is í an tástáil ná an bhfuil ioncam sonraithe ag duine de €12,700 a chur i bhfeidhm ag an bpointe scoir, agus sula n-úsáidfí aon chion de chistí na scéime.

Ba cheart duit smaoineamh faoi chomhairle a ghlacadh nuair a bhítear ag machnamh faoi do roghanna scoir, go háirithe nuair a bhíonn tú ag breithniú chun infheistiú i *ARF* nó *AMRF* éigin. D'fhéadfá bheith ag imeacht ó ioncam ráthaithe ar feadh do shaoil i gcleachtadh le h*ARF/AMRF*, agus á athchur le polasaí infheistíochta a d'fhéadfaí a ídiú roimh do bhás féin má bhaineann tú ioncam rialta as.

11. Straitéis an Bord Pinsean

Bhunaigh an tAire Leasa Shóisialaigh an Bord Pinsean faoi théarmaí Acht na bPinsean, 1990, arna leasú. Is iad a phríomhfheidhmeanna mar a leagtar amach san Acht iad:

- Chun monatóireacht agus maoirsiú a dhéanamh ar Acht na bPinsean, 1990, arna leasú agus forbairtí pinsin trí chéile, lena n-áirítear gníomhaíochtaí soláthraithe *PRSA* (Cuntas Coigiltis Scoir Phearsanta), soláthar táirgí *PRSA* agus oibriú na b*PRSA*;
- treoirlínte nó Nótaí Treorach a eisiúint ar dhualgais agus freagrachtaí iontaobhaithe scéimeanna agus Cóid Chleachtais maidir le gnéithe sonracha dá gcuid freagrachtaí;
- treoirlínte nó Nótaí Treoracha a chur ar fáil ar dhualgais agus freagrachtaí na soláthraithe *PRSA* i dtaobh táirgí *PRSA*;
- spreagadh a thabhairt do sholáthar na hoiliúna iomchuí d'iontaobhaithe na scéimeanna, agus comhairle a chur ar an Aire um chaighdeáin d'iontaobhaithe;
- comhairle a chur ar an Aire i leith gach ábhar a bhaineann le hAcht na bPinsean, 1990, arna leasú, agus i leith cúrsaí pinsin trí chéile.

Ní foláir do scéimeanna pinsin ghairme clárú leis an mBord, agus ní mór don chuid is mó de scéimeanna táille bhliantúil a íoc le costais riaracháin an Bhoird a shásamh.

Féadann an Bord feidhmiú thar ceann bhaill na scéime pinsin atá buartha i leith a scéime; féadann sé oibriú na scéimeanna pinsin a fhiosrú; tá an chumhacht aige ionchúiseamh a thabhairt ar sháruithe Acht na bPinsean, 1990, arna leasú agus chun caingean cúirte a chur ar iontaobhaithe ar mhaithe le cosaint na mball agus a gcuid ceart.

Maidir le *PRSA*, tá an Bord agus na Coimisinéirí Ioncaim araon freagrach as ceadú táirgí *PRSA* chun cosaint a sholáthar do ranníocóirí *PRSA* agus an gá le haghaidh maoirseachta éifeachtaí de tháirgeadh, margaíocht agus díol táirgí mar seo.

Is féidir leis an mBord táillí a bhailiú ar bhonn bliantúil ó sholáthraithe *PRSA* le costais mhaoirsiú na feidhme sin a íoc; is féidir leis gníomhú ar son ranníocóirí *PRSA* a bhíonn buartha faoina gcuid *PRSA*; féadann sé staid táirge *PRSA*, an soláthraí *PRSA* i ndáil lena ghníomhaíochtaí *PRSA* agus fostóirí a fhiosrú i ndáil le riachtanais reachtúla Acht na bPinsean, 1990, arna leasú; bíonn an chumhacht aige ionchúisimh a thionscnamh i leith sáruithe Ach na bPinsean, 1990, arna leasú.

Áirítear ar an mBord Pinsean ionadaithe ó na ceardchumainn, fostóirí, ón Rialtas, iontaobhaithe scéime pinsin, tionscal na bpinsean, leasghrúpaí tomhaltóirí, leasghrúpaí pinsinéirí agus grúpaí gairmiúla éagsúla atá bainteach le scéimeanna pinsin ghairme agus leis na *PRSA*.

12. Tuilleadh Eolais

Tá na leabhráin seo a leanas ar fáil saor in aisce ón mBord Pinsean:

An Bord Pinsean – Léargas ar an mBord agus a Fheidhmeanna
Imlínítear sa leabhrán seo príomhrólanna an Bhoird, lena n-áirítear maoirsiú Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, agus comhlíonadh na scéimeanna pinsin ghairme agus na PRSA.

Mná & Pinsin
Cuirtear síos sa leabhrán seo na bealaí ina bhféadann mná sláine airgeadais a sholáthar dóibh féin agus dá gcleithiúnaithe agus iad ar scor. Tugadh aghaidh ann ar shaincheisteanna sainspéise do mhná ar nós saoire mháithreachais, sosanna gairme agus athiontráil sa lucht saothair.

Cad iad na Roghanna Pinsin atá agam?
Soláthraítear sa leabhrán seo eolas faoi na cineálacha pleananna pinsin ar féidir leat a úsáid i gcomhair an scoir, .i. pinsin chuideachta, pinsin phearsanta, PRSA agus pinsin scoir an Stáit.

Cad a Tharlaíonn do Mo Phinsean má Fhágaimse?
Soláthraítear leis an leabhrán seo treoir do chaomhnú agus aistriú na sochar, agus tá sé dírithe ar dhaoine atá ag smaoineamh faoi phost a athrú nó a rinne amhlaidh cheana féin.

Seicliosta Pinsean**
Soláthraíonn an seicliosta seo eolas agus ceistneoir chun cuidiú leat tú féin a chur ar an eolas faoi conas foráil do do scorsa. Tá leagan leictreonach den cháipéis seo ar fáil ar ár láithreán gréasáin sna teangacha seo a leanas: Araibis, Sínis, Fraincis, Polainnis, Rúisis agus Spáinnis.

PRSA – Oibleagáidí Fostóirí
Cuirtear síos sa leabhrán seo oibleagáidí dlíthiúla fostóirí maidir le Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (PRSA).

PRSA – Treoir do Thomhaltóirí
Léirítear sa leabhrán seo conas cur chuige a ghlacadh i leith do PRSA, cuardach faoina choinne, cur isteach air agus monatóireacht a dhéanamh air. Is ann atá Ceisteanna Coitianta um PRSA agus é comhtháirgthe ag Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann agus an Bord Pinsean.

Cad Is Eol Duit Faoi Do Scéim Pinsin?*
Soláthraítear leis an leabhrán seo forléargas ar an eolas, a chaitheann d'iontaobhaithe agus fostóirí i ndáil le scéimeanna gairme pinsin.

Treoir do Thuarascáil Bhliantúil Do Scéime
Tá an leabhrán seo ceaptha chun cuidiú leat tuiscint a fháil ar an méid is gá ó iontaobhaithe na scéime i ndáil le tuarascálacha bliantúla agus cuntais iniúchta (de réir mar is infheidhmithe), do chearta chun na cáipéisí sin a fheiceáil agus a fháil, na rudaí ar chóir bheith iontu agus chun míniú achomair a thabhairt ar thábhacht an eolais a gheobhaidh tú ann.

An Iontaobhaí de Scéim Pinsin Tú?*
Soláthraítear leis an leabhrán seo treoir achomair i leith dualgas agus freagrachtaí iontaobhaithe, agus áirítear sainmhíniúcháin chuiditheacha leis.

Iontaobhaithe Baill a Roghnú
Soláthraítear leis an leabhrán seo treoir achomair faoi conas agus faoin bhfáth go mbunaítear scéimeanna pinsin ghairme mar iontaobhais, ról na n-iontaobhaithe, incháilitheacht chun bheith rannpháirteach lena roghnú, na roghanna i gcomhair ball agus fostóirí agus na dtáirgeoirí lena mbaineann.

Cóid Chleachtais d'Iontaobhaithe
Pléann na Cóid Chleachtais leis na gnéithe éagsúla d'fhreagrachtaí iontaobhaithe, agus tá siad deartha d'iontaobhaithe atá ag cuardach treorach sainiúla i ndáil le comhlíonadh a ndualgas agus freagrachtaí.

Blianachtaí – Treoir Achomair*
Áirítear leis an leabhrán seo eolas i leith na mblianachtaí, an bhrí atá leo, conas a oibríonn siad agus na roghanna blianachta atá ar fáil.

Comhtháthú – Treoir Achomair*
Soláthraítear leis an leabhrán seo treoir um chomhtháthú sochair na scéime pinsin ghairme, leis na sochair iníoctha faoin gcóras leasa shóisialaigh.

Treoir Achomair d'Fhorálacha Pinsin na nAchtanna Dlí Teaghlaigh
Soláthraítear leis an leabhrán seo eolas chuig duine atá ag lorg, nó a fuair ordú coigeartaithe pinsin tar éis colscaradh nó idirscartha bhreithiúnaigh.

Treoir Achomair do Chóireáil Chothrom Pinsin
Soláthraítear leis an leabhrán seo treoir i leith phrionsabal na cóireála cothroime pinsin, leithcheal agus íospairt i ndáil le scéimeanna pinsin ghairme.

* Ar fáil sa Ghaeilge freisin.

** Ar fáil san Araibis, Sínis, Fraincis, Gaeilge, Polainnis, Rúisis agus Spáinnis freisin.

Aguisín A

Cén chaoi a Roghnaímse an Pinsean is Fearr a Oireann Domsa?



Breithniúcháin phleanála

- Tá muirir sheasta ag na *PRSA* Caighdeánacha, agus féadann luach airgid níos fearr bheith acu
- Ní féidir le *PRSA* Caighdeánacha infheistiú ach amháin sna cistí comhthiomsaithe – is dóichí go mbeidh siad sin leordhóthanach don chuid is mó daoine
- Tairgtear an réimse roghanna infheistíochta is leithne leis na *PRSA* agus RAC, ach féadann muirir níos airde bheith acu
- Tá cóireáil cánach na ranníocaíochtaí fostóra le *PRSA* níos fusa ná na cinn leis na RAC

Aguisín B

Gluais

Blianacht
Ciallaíonn an téarma "blianacht" sraith íocaíochtaí a rinneadh ag eatraimh shloinnte nó go dtarlaíonn teagmhas faoi leith. Is iondúil go dtagann blianacht chun deiridh le bás an tsealbhóra, ach is féidir í a dhearadh lena híoc le linn bheatha níos mó ná duine amháin. Is gnách go slánaítear é sin le híoc préimhe aonair le cuideachta árachais éigin. Tugtar "blianacht láithreach" ar bhlianacht a thiocfaidh anuas lena híoc láithreach tar éis a ceannaigh.

Ciste Ceadaithe Scoir (ARF)
Is ionann ARF agus conradh infheistíochta d'fháltais aon ranníocaíochtaí deonacha breise, nó na sochair scoir eile nach mbaintear i bhfoirm cnapshuime nó pinsin tráth an scoir i gcás Stiúrthóra 5% nó sealbhóra RAC. Infheistítear airgead trí "Bhainisteoir Ciste Incháilithe" (lena n-áirítear bainc, cumainn foirgníochta agus cuideachtaí árachais), féadtar é a infheistiú ar aon bhealach is mian leat, agus is amhlaidh a charnfaidh sé saor ó cháin. Bíonn an cháin ioncaim iníoctha ar aon airgead a tharraingt as an gciste.

Ciste Ceadaithe Scoir Íosta (AMRF)
Is cosúil le hARF aon AMRF, seachas nach féidir leat tarraint as do bhun-infheistíocht nó go mbaineann tú aois 75 bliain amach. Ní féidir leat tarraingt as ioncam infheistíochta ach amháin san idirlinn.

Plean Sochair Shainithe (ar a dtugtar "tuarastal deiridh")
Soláthraítear pleananna Sochair Shainithe sochair scoir agus báis do bhaill, bunaithe ar fhoirmlí a leagtar amach i rialacha an phlean féin. Is minic na sochair bheith bunaithe ar thuarastal baill gar dá scor agus ar a s(h)eirbhís inphinsin. Is ar an bhfáth sin a thugtar pleananna "tuarastail deiridh" orthu sin uaireanta.

Tá go leor pleananna sochair shainithe "comhtháite" leis an bPinsean Stáit. Ciallaíonn sé sin go soláthraíonn siad leibhéal sochair trína gceadaítear don Phinsean Stáit.

Plean Ranníocaíochta Sainithe (ar a dtugtar freisin plean "ceannaigh airgid")
Soláthraítear pleananna ranníocaíochta sainithe sochair trí leas a bhaint as cuntas scoir an bhaill aonair ag an tráth a cheannaítear sochar. Braitheann luach cuntais scoir bhaill agus an sochar deiridh ar thrí phríomhfhachtóir:

1. Na ranníocaíochtaí a íocadh isteach sa chuntas,
2. torthaí na hinfheistíochta ar na ranníocaíochtaí sin, agus
3. an costas a bhaineann le ceannach pinsin an bhaill trí leas a bhaint as rátaí blianachta.

Soláthraítear sochair le go leor pleananna pinsin chuideachta ranníocaíochta sainithe dá bhfaigheadh ball bás i mbun seirbhíse leis an bhfostóir. Is iondúil go mbíonn na sochair sin bunaithe ar thuarastal an bhaill ag an mbás.

Comhairleoir Airgeadais
Is ionann comhairleoir airgeadais agus duine éigin faoi rialú Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann chun comhairle a thabhairt do bhaill aonair an phobail. Féadann comhairleoirí bheith "ceangailte" agus gan bheith in ann ach comhairle a thabhairt ar tháirgí an tsoláthraí táirge nó bheith "neamhspleách" agus bheith in ann comhairle a chur ar réimse soláthraithe agus táirgí. Is tábhachtach nuair a bhítear ag roghnú comhairleora go dtuigeann tú conas a íoctar leo as an gcomhairle a thugtar agus an tionchar a bhíonn ag aon choimisiún a íoctar ar do phinsean nó infheistíochtaí.

Glantuilleamh Ábhartha
Is iondúil gurb ionann Glantuilleamh Ábhartha agus Tuilleamh Ábhartha duine aonair lúide muirir ar ioncam ar nós cúnant, úis incheadaithe agus cothabhála agus cailliúintí gaolmhara agus liúntas caipitiúil.

Cuntas Coigiltis Scoir Phearsanta (PRSA)
Is ionann PRSA agus conradh idir duine aonair agus soláthraí PRSA údaraithe i bhfoirm cuntais infheistíochta. Cinnfear na sochair PRSA bunaithe ar na ranníocaíochtaí íoctha ag agus ar son an ranníocóra agus an gnóthachain infheistíochta bunaithe ar na ranníocaíochtaí sin. Tá dhá chineál conradh PRSA ann:

- Is éard atá i **PRSA Caighdeánach** conradh a bhfuil táille uasta 5% ar na ranníocaíochtaí íoctha agus 1% sa bhliain ar na sócmhainní atá á mbainistiú. Ní cheadaítear infheistíochtaí ach amháin ina bhfuil iontaobhais aonaid agus cistí aonaid agus comhlachtaí saoil san áireamh iontu.

- Is éard atá i gceist le **PRSA Neamh-Chaighdeánach** conradh nach bhfuil teorainneacha uasta ar tháillí ann agus/nó ceadaíonn sé infheistíochtaí i gcistí eile seachas comhchistí.

- Tá clár de sholáthraithe PRSA agus dá dtáirgí ar fáil ón mBord Pinsean.

Sochar Coinnithe
Níorbh éigean do Scéimeanna Pinsin Ghairme roimh Acht na bPinsean, 1990, sochair a choinneáil ar fhágáil seirbhíse, .i. b'aisíoc ar ranníocaíochtaí baill an t-aon sochar a íocadh amach. Ní foláir do scéimeanna faoi Acht na bPinsean, 1990, chun Sochar Coinnithe íosta a sholáthar dóibh siúd a fhágann seirbhís idir 1 Eanáir 1993 agus 1 Meitheamh 2002, ar an gcuntar gur críochnaíodh 5 bliana de bhallraíocht na scéime, nach mór ar a laghad 2 bhliain díobh comhlíonta tar éis 1 Eanáir 1991. Ní mór do scéimeanna faoin Acht Leasaithe na bPinsean, 2002, chun Sochar Coinnithe íosta a sholáthar dóibh siúd a

fhágann tar éis 1 Meitheamh 2002 le 2 bhliain seirbhíse nó níos mó sa scéim. I gcás Scéim Sochair Shainithe, ciallaíonn an Sochar Coinnithe pinsean iarchurtha, aisce scoir iarchurtha agus sochair i gcás báis sula dtosaíonn an pinsean. I gcás Scéim Ranníocaíochta Sainithe, tagraíonn Sochar Coinnithe do charnadh ranníocaíochtaí fostóra agus fostaí.

ÁSPC
Ainm giorraithe don Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa, faoina n-íocann daoine aonair a thuilleann ioncam ranníocaíochtaí gaolmhara leis an gCiste Árachais Shóisialaigh, agus clúdaítear iad mar bhabhtáil ar sochair árachais scéime áirithe, m.sh. Pinsean Stáit (Ranníocach).

Seirbhís Incháilithe
Is ionann an tSeirbhís Incháilithe agus an tseirbhís iomlán a rinneadh mar bhall d'aon phlean pinsin chuideachta i gcomhair sochar pinsin agus aon seirbhíse comhchosúla le fostóir roimhe sin óna bhfuarthas aistriú.

Tuilleamh Ábhartha
Sainmhínítear tuilleamh ábhartha go forleathan mar ioncam ó cheird nó gairm nó ó oifig nó fostaíocht seachas oifig nó fostaíocht inphinsin.

Aguisín C

Dá mbeadh gearán agam i dtaobh mo Phinsin?

Leagtar amach thíos achoimre den ghníomh ar féidir leat a dhéanamh dá mbeadh gearán agat i leith do cheistese. Braitheann aon ghníomh a fhéadann tú déanamh ar faoin bPinsean Stáit, plean pinsin chuideachta, RAC éigin, *PRSA* nó *ARF/AMRF* do cheistse.

Dá mbeadh gearán agam i dtaobh mo Phinsin Stáit?

Tá roinnt comhlachtaí ann ar féidir leat dul i dteagmháil leo dá mbeadh gearán nó fadhb i ndáil le do theidlíocht Pinsin Stáit nó le haon teidlíocht leasa shóisialaigh eile. Is féidir leat dul i dteagmháil leis an Oifig Leasa Shóisialaigh a phléann le do shochair, an Oifig um Achomhairc Leasa Shóisialaigh nó le hOifig an Ombudsman.

Conas arb eol dom na hoifigí chun dul i dteagmháil leo?

Oifig Leasa Shóisialaigh: Ba cheart duit dul i dteagmháil leis an Oifig Leasa Shóisialaigh a phléann le do shochair chun iarracht a dhéanamh aon ghearán a réiteach go díreach. Déanfaidh an fhoireann ann iarracht do ghearánsa a réiteach. Mura bhfuil tú sásta go fóill ansin leis an bhfreagra, ámh, féadfaidh tú do ghearán a chur chuig an mBainisteoir Áitiúil/Bainisteoir Rannóige/Oifigeach a ainmnítear le gearáin a láimhseáil. Leagtar amach sonraí faoi conas gearán a thabhairt i mbileog SW104.

Oifig Achomhairc an Leasa Shóisialaigh "SWAO": Ba chóir duit dul i dteagmháil leis an rannóg lena mbaineann le cinneadh d'Oifigse Leasa Shóisialaigh áitiúla maidir le d'éileamh a athbhreithniú má easaontaíonn tú. Má bhíonn tú míshásta go fóill leis an toradh, beidh ceart achomhairc agat chuig an SWAO. Oibríonn an SWAO go neamhspleách ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, agus is é an Príomh-Oifigeach Achomharc atá i gceannas uirthi. Leagtar amach sonraí na SWAO agus an phróisis achomharc i mbileog SW56.

Oifig an Ombudsman: Mura mbíonn tú sásta le toradh do ghearáinse ná leis an mbealach inar pléadh leis, féadfaidh an t-ábhar a chur faoi bhráid an Ombudsman, a stiúrfaidh fiosrú sa chás. Ní mór duit aon cheart achomhairc atá oscailte duitse a thapú sular féidir leis an Ombudsman do ghearán a scrúdú, mar shampla an SWAO.

Dá mbeadh gearán agam i dtaobh mo Phlean Pinsin Chuideachta?

Is féidir leat dul i dteagmháil le d'fhostóir, riarthóir an phlean, iontaobhaithe an phlean, An Bord Pinsean agus Oifig Ombudsman na bPinsean dá mbeadh gearán agat i dtaobh do Phlean Pinsin Chuideachta.

Conas arb eol dom an té chun dul i dteagmháil leo?

D'fhostóir: Ba chóir duit dul i dteagmháil leis an té i do chuideachtasa a phléann leis an bplean pinsin. D'fhéadfaí gur teagmhálaí i do Rannóg Pearsanra nó Acmhainní Daonna a bheadh i gceist leis sin, ar féidir leo iarracht a dhéanamh do ghearán a réiteach ar do shonsa.

An riarthóir: Féadfaidh tú dul i dteagmháil le riarthóir an phlean phinsin chuideachta go díreach. D'fhéadfadh sé sin bheith ina chuideachta árachais nó ina chuideachta ar leithligh a riarann an plean ar son d'fhostóra agus na n-iontaobhaithe. Féadfaidh tú aitheantas an riarthóra a fháil trí cheist a chur ar d'fhostóir nó trí chóip a fháil de Thuarascáil Bhliantúil na nIontaobhaithe ó d'fhostóirse (mar go liostófar an riarthóir sa tuarascáil seo).

Na hIontaobhaithe: Má tá tú míshásta leis an bhfreagra ar do ghearánsa, féadfaidh tú dul i dteagmháil le hIontaobhaí nó Iontaobhaithe do phleansa. Leagfar amach sonraí an Iontaobhaí nó Iontaobhaithe i dTuarascáil Bhliantúil na nIontaobhaithe ar féidir leat a iarraidh ó d'fhostóirse. Ba chóir duit tabhairt faoi deara, ámh, go bhféadann Iontaobhaithe do ghearán a tharchur ar ais chuig an bhfostóir agus/nó an riarthóir lena réiteach.

An Bord Pinsean: Má theipeann ort do ghearán a réiteach le d'fhostóirse nó le riarthóir/iontaobhaithe an phlean, féadfaidh tú dul i dteagmháil leis an mBord Pinsean. Féadann an Bord feidhmiú thar ceann bhaill an phlean phinsin atá buartha i leith a bplean; féadann sé staid agus stiúradh na bpleananna pinsin a fhiosrú; tá an chumhacht aige ionchúiseamh a thabhairt ar sháruithe Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, agus chun caingean cúirte a chur ar iontaobhaithe ar mhaithe le cosaint na mball agus a gcuid ceart.

Oifig Ombudsman na bPinsean: Féadfaidh tú do chás a tharchur chuig Ombudsman na bPinsean freisin, té a fhiosraíonn agus a chinneann ar ghearáin agus aighnis maidir le pleananna pinsin chuideachta. Tá Ombudsman na bPinsean go hiomlán neamhspleách, agus feidhmíonn sé mar mholtóir neamhchlaonta. Feidhmítear a cheapachán agus a chumhachtaí faoi Acht na bPinsean, 1990, arna leasú.

Is é Ombudsman na bPinsean a fhiosraíonn gearáin ina líomhnaítear míriarachán acu siúd atá freagrach as bainistiú na bpleananna pinsin chuideachta. Féadann an gearán bheith i gcoinne iontaobhaithe, bainisteoirí, fostóirí, iarfhostóirí agus riarthóirí.

Is é Ombudsman na bPinsean a fhiosraíonn aighnis fírice nó dlí freisin le hiontaobhaithe nó bainisteoirí nó fostóirí maidir le pleananna pinsin chuideachta.

Dá mbeadh gearán agam i leith mo Chonartha Bhlianachta Scoir?

Féadfaidh tú dul i dteagmháil le do sholáthraí RAC, le Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais nó leis an Rialtóir Airgeadais.

Cén chaoi arb eol dom an té chun dul i dteagmháil leo?

Soláthróir RAC: Ba cheart duit dul i dteagmháil leis an soláthraí RAC má tá gearán agat i leith bhainistiú do RAC agus iarracht a dhéanamh é a réiteach go díreach eadraibh féin.

Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais: Má lean tú nós imeachta na ngearán inmheánach i leith do sholáthraí seirbhíse airgeadais agus nach bhfuil tú sásta go fóill, féadann Ombudsman Seirbhísí Airgeadais gearán a fhiosrú i leith: soláthar seirbhíse airgeadais, tairiscint chun seirbhís airgeadais a sholáthar, mainneachtain chun soláthar seirbhíse airgeadais faoi leith a iarradh.

An Rialtóir Airgeadais: Is é an Rialtóir Airgeadais atá freagrach as rialáil gach cuideachta seirbhísí airgeadais in Éirinn. Is é ról an Rialtóra Airgeadais cosaint a thabhairt do thomhaltóirí agus chun cuidiú le daoine leas éifeachtúil éifeachtach a bhaint as nósanna imeachta gearáin, agus chun cúnamh le tomhaltóirí agus chun eolas a thabhairt dóibh de réir mar is gá. Ba chóir saincheisteanna leathana a bhaineann le cosaint tomhaltóra a tharchur chuig an Rialtóir Airgeadais.

Dá mbeadh gearán agam i leith mo Chuntais Choigiltis Scoir Phearsanta?

Tá roinnt údarás ar fáil chun cuidiú leat, ag brath ar an gcineál gearáin atá agat. Féadann tú dul i dteagmháil leis an soláthraí PRSA, An Bord Pinsean, Oifig Ombudsman na bPinsean, Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais nó leis an Rialtóir Airgeadais.

Cén chaoi arb eol dom an té chun dul i dteagmháil leo?

Soláthraí PRSA: Ba cheart duit dul i dteagmháil leis an soláthraí *PRSA* ar dtús má tá gearán agat i leith bhainistiú do *PRSA* agus iarracht a dhéanamh é a réiteach go díreach eadraibh féin.

An Bord Pinsean: Ba cheart duit dul i dteagmháil leis an mBord Pinsean, óir gur Rialtóir gach táirge ceadaithe *PRSA* é, mura n-éiríonn leat ná mura féidir leat an cheist a réiteach le do sholáthraí *PRSA*; is féidir leis an mBord cúnamh leat a thuilleadh chun gearán a réiteach.

Ombudsman na bPinsean: Tá cumhachtaí ag Ombudsman na bPinsean i dtaca le *PRSA* chun fiosrú a dhéanamh agus teacht ar chinneadh i leith:

- Gearáin a rinneadh ag "tairbhí iarbhír nó féideartha" de *PRSA* nó ar a sonsan a líomhnaíonn gur bhain caillteanas airgeadais dó nó di de bharr ghníomh míriaracháin a rinne "duine atá freagrach as bainistiú *PRSA*" nó a rinneadh ar a sonsan, agus

- aon aighneas físrice nó dlí a éiríonn aníos i ndáil le gníomh a rinne duine atá freagrach as bainistiú *PRSA* nó a rinneadh ar a sonsan, agus a tharchuirtear chuig Ombudsman na bPinsean ag tairbhí iarbhír nó féideartha nó ar a sonsan.

Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais: Má lean tú nós imeachta na ngearán inmheánach i leith do sholáthraí seirbhíse airgeadais agus nach bhfuil tú sásta go fóill, féadann Ombudsman Seirbhísí Airgeadais gearán a fhiosrú i leith: soláthar seirbhíse airgeadais, tairiscint chun seirbhís airgeadais a sholáthar, mainneachtain chun soláthar seirbhíse airgeadais faoi leith a iarradh.

An Rialtóir Airgeadais: Is é an Rialtóir Airgeadais atá freagrach as rialáil gach cuideachta seirbhísí airgeadais in Éirinn. Is é ról an Rialtóra Airgeadais cosaint a thabhairt do thomhaltóirí agus chun cuidiú le daoine leas éifeachtúil éifeachtach a bhaint as nósanna imeachta gearáin, agus chun cúnamh le tomhaltóirí agus chun eolas a thabhairt dóibh de réir mar is gá. Ba chóir saincheisteanna leathana a bhaineann le cosaint tomhaltóra a tharchur chuig an Rialtóir Airgeadais.

Dá mbeadh gearán agam i leith mo ARF/AMRF?

Is féidir leat dul i dteagmháil le do sholáthraí *ARF/AMRF*, le Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais nó leis an Rialtóir Airgeadais.

Cén chaoi arb eol dom an té chun dul i dteagmháil leo?

Soláthraí ARF/AMRF: Má tá gearán agat faoi bhainistiú do *ARF/AMRF* ba cheart duit dul i dteagmháil ar dtús leis an soláthraí *ARF/AMRF* agus iarracht a dhéanamh é a réiteach go díreach eadraibh féin.

Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais: Má lean tú nós imeachta na ngearán inmheánach i leith do sholáthraí seirbhíse airgeadais agus nach bhfuil tú sásta go fóill, féadann Ombudsman Seirbhísí Airgeadais gearán a fhiosrú i leith: soláthar seirbhíse airgeadais, tairiscint chun seirbhís airgeadais a sholáthar, mainneachtain chun soláthar seirbhíse airgeadais faoi leith a iarradh.

An Rialtóir Airgeadais: Is é an Rialtóir Airgeadais atá freagrach as rialáil gach cuideachta seirbhísí airgeadais in Éirinn. Is é ról an Rialtóra Airgeadais cosaint a thabhairt do thomhaltóirí agus chun cuidiú le daoine leas éifeachtúil éifeachtach a bhaint as nósanna imeachta gearáin, agus chun cúnamh le tomhaltóirí agus chun eolas a thabhairt dóibh de réir mar is gá. Ba chóir saincheisteanna leathana a bhaineann le cosaint tomhaltóra a tharchur chuig an Rialtóir Airgeadais.

Aguisín D

Seoltaí úsáideacha

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
Oifig na Seirbhísí Pinsin
Bóthar an Choláiste
Sligeach
Lóghlao: 1890 500 000
Teil: (071) 916 9800
Gréasán: www.welfare.ie

I gcomhair eolais i dtaobh na dteidlíochtaí do shochair phinsin stáit.

An Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh
Teach D'Olier
Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
Lóghlao: 1890 74 74 34
Gréasán: www.socialwelfareappeals.ie
Ríomhphost: swappeals@welfare.ie

Gnó Seirbhísí Airgeadais (Pinsin)
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
Teach Grattan, 4ú hUrlár
Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
Teil: (01) 647 4022
Gréasán: www.revenue.ie
Ríomhphost: www.lcdretirebens@revenue.ie

I gcomhair eolais i leith an chánachais mar a bhaineann sé le pinsin.

Oifig an Ombudsman
18 Sráid Chill Mochargán Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
Lóghlao: 1890 223 030
Teil: (01) 678 5222
Gréasán: www.ombudsman.gov.ie
Ríomhphost:
ombudsman@ombudsman.gov.ie

Oifig Ombudsman na bPinsean
36 Sráid an Mhóta Uachtarach
Baile Átha Cliath 2
Teil: (01) 647 1650
Gréasán: www.pensionsombudsman.ie
Ríomhphost: info@pensionsombudsman.ie

An Rialtóir Airgeadais
Bosca OP 9138
Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2
Lóghlao: 1890 777 777
Gréasán: www.financialregulator.ie
Ríomhphost:
consumerinfo@FinancialRegulator.ie

Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais
3ú hUrlár, Teach Lincoln
Plás Lincoln
Baile Átha Cliath 2
Lóghlao: 1890 88 20 90
Gréasán: www.financialombudsman.ie
Ríomhphost:
enquiries@financialombudsman.ie

An Bord Pinsean
Teach Verschoyle
28/30 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
Teil: (01) 613 1900
Gréasán: www.pensionsboard.ie
Ríomhphost: info@pensionsboard.ie

An Bord Pinsean -
The Pensions Board

Authority for Pensions
www.pensionsboard.ie